



NascadhagusFoghlaim

Idiraonad Paca Acmhainní don Seomra Ranga

WORLDWISE 



Buíochas:

'Forbraíodh an tIdiraonad seo de réir theimpléad agus Threoirlínte an NCCA maidir le hIdiraonaid a scríobh. Táthar buíoch den chomhairle agus den tacaíocht a fuarthas ón NCCA.'

Annette Honan agus Mary McCarthy a thionsaigh na hacmhainní, le tacaíocht ó Eva Creely agus Fionnuala Broughan as WorldWise. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le rannchuidiú Sara Bradshaw, June Coghlan, Marian Moran, Jude Mulligan, Lorna Mulvany, Caroline Sheils, Susan Gallwey, Billy O'Keeffe agus Conor McHugh, a roinn a gcuid smaointe agus taithí go fial flaithiúil le linn an tAonad seo a phleanáil.

Buíochas do Bhlaithín Ní Bhric as ucht an obair a rinne sí ar an leagan Gaeilge don téacs.



Tuairisceoir aonaid	ii - vii		
Réamhrá	3		
Cuid 1 – Ár n-ionad sa domhan	8		
Ceacht 1			
Réamhghníomhaíocht: Seas suas, suigh síos	9		
Gníomhaíochtaí breise agus obair dhialainne	10		
GLOBINGO	11		
Ceacht 2			
Mise agus mo shaol	12		
Mo phróifíl phearsanta	13		
Mo chuid tosaíochtaí	15		
Ceacht 3			
Ná cuir lipéad orm	16		
Cluiche eisiaimh	17		
Ar an mbus	18		
Tuairimí tosaigh	20		
Ceacht 4			
Íomhánna agus teachtaireachtaí	21		
An domhan ar líne	23		
Ceacht 5			
Cultúr – Cad is ciall leis?	26		
Siombailí chultúir	28		
Ceacht 6			
Obair mhionionscadail ar thír chomhpháirtíochta	29		
Láithreáin ghréasáin úsáideacha	30		
Leathán oibre an togra do mhionionscadal	31		
Piaramheasúnú ar an obair thionscadail	32		
Machnamh a dhéanamh ar Chuid 1 – Ceisteanna don dialann	33		
Cuid 2 – Scrúdú níos doimhne ar ár ndomhan	34		
Ceacht 1			
Dá mba shráidbhaile an domhan	35		
An liosta tíortha	37		
Ceacht 2			
Céard í forbairt?	38		
Ceacht 3			
Cén fáth, mar sin, an bhfuil bochtaine ann i ndomhan na flúirse?	42		
Is é atá i mbochtaine ná...	42		
Cúiseanna féideartha	44		
Ceacht 4			
Cén bhaint atá ag cúnaimh leis an scéal?	49		
Ceacht 5			
Gealltanais, agus tuilleadh gealltanais – Céard faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise	51		
Machnamh a dhéanamh ar Chuid 2	53		
Cuid 3 – Comhpháirtíochtaí a fhorbairt	54		
Ceacht 1			
Difríocht a dhéanamh	55		
Ceacht 2			
Mar sin, cad é an chuma a bhíonn ar ghaolmhaireacht rathúil?	56		
Ceacht 3			
Samhlaigh an méid seo – Cúnaimh d'Éirinn	59		
Ceacht 4			
Cad a spreagann sinn chun nascadh a dhéanamh?	65		
Ceacht 5			
Mar sin, cá bhfuil tú anois sa turas comhpháirtíochta?	67		
Ceacht 6			
Comhaontú comhpháirtíochta	69		
Ceacht 7			
An fhoghlaim a roinnt	70		
Ceacht 8			
Machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha agam	71		
Measúnú an mhic léinn ar an idiraonad	72		
Acmhainní múinteora	73		
Aguisíní	77		





Tuairisceoir an Idiraonaid

1. Teideal an idiraonaid

Nascadh agus Foghlaim.

2. An réimse staidéir

Saoránacht Áitiúil agus Saoránacht Dhomhanda.

3. Forléargas

Rinneadh an t-idiraonad seo a fhorbairt mar fhreagra ar an líon meadaitheach múinteoirí agus mac léinn in Éirinn a bhfuil naisc á bhforbairt acu lena bpiaraí sa Deisceart Domhanda. Soláthraíonn sé raon gníomhaíochtaí atá dírithe ar chabhrú le mic léinn scrúdú a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar ghaolmhaireachtaí Thuaidh/Theas agus ar choincheapa amhail comhpháirtíocht, forbairt, cumhacht agus dlúthpháirtíocht. Tugann sé dúshlán do mhic léinn chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar na tuairimí atá acu fúthu féin, faoin domhan ina maireann siad agus ar a n-ionad sa domhan sin. Is é an príomhaidhm ná cabhrú le mic léinn agus le múinteoirí scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir le comhpháirtíochtaí foghlama a bheith ina modh chun feabhas a chur ar thuiscint, chun foghlaim chomhpháirteach a eascú agus chun dlúthpháirtíocht a leiriú agus cabhrú leo taithí a fháil ar na nithe sin.

4. Foghlaim ghaolmhar

Tá naisc shoiléire ann idir an t-aonad seo agus **CSPE** sa Teastas Sóisearach, **Oideachas Reiligiúnach agus Eacnamaíocht Bhaile - Sóisialta agus Eolaíochta** ag leibhéal na hArdteistiméireachta **Oideachas Sóisialta** san Ardeistiméireacht Fheidhmeach chomh maith le naisc leis an ábhar nua Ardeistimeireachta atá beartaithe, is é sin, **Polaitíocht agus an tSochaí**.

Ina theannta sin, tá nasc ann freisin idir na téamaí scrúdúcháin agus forbartha agus an Tíreolaíocht sa Teastas Sóisearach agus san Ardeistiméireacht.

5. Achoimre ar an aonad

Tá ábhair acmhainne ar fáil do mhúinteoirí tacaíochta agus do mhic léinn atá ag obair tríd an Idiraonad seo.

Tá trí chuid ann san idiraonad seo. **Moltar cur chuige solúbtha le linn an t-aonad seo a chur i láthair agus ní gá gach cuid ar leith a mhúineadh san ord atá leagtha amach thíos.**

Cuid 1 Ár n-ionad sa domhan (réamhghníomhaíocht) 4 – 5 seachtaine

- Cruthaíonn na mic léinn próifíl ghearr dar teideal 'Mise agus Mo Shaol' agus é mar rún acu í a mhalartú lena bpiaraí ina scoil chomhpháirtíochta
- Déanann na mic léinn breithniú ar conas atá an saol do mhac léinn ina scoil chomhpháirtíochta agus pléann siad na cosúlachtaí agus na difríochtaí a bhaineann lena saoil
- Labhraíonn mic léinn a bhí páirteach i dtionscadal nasctha Thuaidh/Theas bhliain roimhe sin faoi na daoine ar chuir siad aithne orthu agus faoin taithí a fuair siad ar nascadh
- Tosaíonn na mic léinn ag machnamh ar cheisteanna ar mhaith leo a chur ar dhaoine óga ina n-aoisghrúpa féin atá ina gcónaí ina dtír chomhpháirtíochta
- Trí shraith gníomhaíochtaí, déanann na mic léinn scrúdú ar a gcuid tuairimí faoi dhaoine éagsúla agus faoi áiteanna éagsúla agus ar ár naisc leo
- Imríonn na mic léinn sraith cluichí chun plé a spreagadh ar an dochar a dheineann steiréitíópáil
- Déanann na mic léinn scrúdú ar íomhánna daoine sa domhan atá i mbéal forbartha de réir mar a thaispeántar iad i bhfoinsí éagsúla de chuid na meáin e.g. nuachtáin, irisí, an t-idirlíon, leabhair
- Is féidir leo tír nó réigiún áirithe a roghnú agus suirbhé a dhéanamh ar mhéad agus saghas na tuairiscí/teanga a thugann nuachtáin éagsúla don tr/réigiún sin



- Déantar scrúdú ar thuairimí faoi chultúr chun feasacht a chruthú ar cosúlachtaí agus ar dhifríochtaí croschultúrtha
- Déanann na mic léinn roinnt reamh thaighde ar a dtír chomhpháirtíochta nó ar shaincheist a bhaineann lena scoil chomhpháirtíochta e.g. athrú aeráide, HIV/AIDS, coimhlint, etc.

Cuid 2 Scrúdú níos doimhne ar ár ndomhan (5 – 6 seachtaine)

- Glacann mic léinn páirt i ngníomhaíocht ‘Dá ma shráidbhaile an domhan’ chun taithí a fháil ar conas atá acmhainní an domhain roinnte go héagothrom
- Glacann na mic léinn páirt i ngníomhaíocht chun scrúdú a dhéanamh ar idirspéachas agus ar na slite ina bhfuilimid go léir cónasctha go domhanda
- Déanann mic léinn scrúdú ar léarscáileanna éagsúla den domhan a léiríonn áiteanna ina bhfuil bochtaine, coimhlint agus éagothroime ar fud na cruinne
- Déanann na mic léinn rangú ar shainmhínte éagsúla ar ‘Forbairt’ agus úsáideann siad grianghraif agus cartúin chun plé a dhéanamh ar thuairimí éagsúla faoi forbairt
- Trí réimse gníomhaíochtaí éagsúla spreagtar na mic léinn chun na bunchúiseanna le bochtaine ina dtír/réigiún féin agus sa domhan i gcoitinne a aimsiú
- Déanann na mic léinn idirdhealú idir chúiseanna agus iarmhairtí agus, go háirithe, déantar scrúdú ar na chúiseanna struchtúrtha le bochtaine
- Déanann na mic léinn ról an Chúnaimh le bochtaine a mhaolú, cineálacha éagsúla Cúnaimh agus ról Chúnamh na hÉireann a scrúdú agus a phlé
- Déanann na mic leinn measúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le hAidhmeanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach, agus aird ar leith á díriú ar a dtír chomhpháirtíochta.

Cuid 3 Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt (4-5 weeks)

- Glacann na mic léinn páirt i mbabhta tobsmaointe faoi na bealaí eagsúla inar féidir comhoibriú agus dlúthpháirtíocht a fhorbairt idir dhaoine in Éirinn agus sa Deisceart Domhanda, agus malartaíonn siad na smaointe sin lena scoil chomhpháirtíochta
- Trí phlé a dhéanamh agus trí dhramaíocht, déanann siad scrúdú ar shaintréithe na ngaolmhaireachtaí cómhalmartacha ata acu agus ar conas atá difríocht idir na gaolmhaireachtaí sin agus gaolmhaireachtaí éagothroma
- Pléann na mic léinn gaolmhaireachtaí idir dheontóirí agus fhaighteoirí
- Scrúdaíonn na mic léinn na cúiseanna le nascadh agus déanann siad scrúdú ar cad is mian leo a fhoghlaim, agus roinneann siad na nithe sin lena scoil chomhpháirtíochta
- Pléann na mic léinn na tairbhí agus na deacrachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann don dá chomhpháirtí
- Dréachtaíonn na mic léinn comhaontú comhpháirtíochta agus comhaontaíonn siad na chéad céimeanna eile a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar a gcomhpháirtíocht foghlama
- Comhaontaíonn na mic léinn bealaí chun an fhoghlaim atá déanta acu mar thoradh ar a gcomhpháirtíocht a roinnt (d’fhéadfadh sé go ndéanfaí lá feasachta, ócáid meán cumarsaide nó tionscadal a eagrú nó d’fhéadfadh sé go nglacfaí páirt YSI etc.)
- Déanann na mic léinn machnamh agus anailís ar an eolas, ar na scileanna agus ar na dearcaidh atá forbartha agus feabhsaithe acu trína rannpháirtíocht san idiraonad seo agus mar thoradh ar a gcaidreamh lena gcomhpháirtithe foghlama.

Tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh na mic léinn dialann le linn dóibh a bheith rannpháirteach san idiraonad. Féach roinn 11 thíos.

6. Miondealú ar an aonad

Is féidir an t-aonad a mhúineadh thar threimhse cúig seachtaine déag (e.g. Meán Fómhair – Nollaig) agus dhá thréimhse dhúbailte a chur ar fáil san amchlár gach seachtain. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí é a mhúineadh thar bhliain iomlan agus tréimhse dhúbhailte amháin a chur ar fáil gach seachtain. Is fearr ranganna dúbhailte a bheith ann mar go n-éascaíonn siad obair i ngrúpaí agus modheolaíochtaí foghlama gníomhaí.

7. Aidhmeanna

Is é is aidhm don idiraonad seo ná:

- Feasacht agus tuiscint chriticiúil a fhorbairt maidir le coincheapa agus saincheistean tábachtacha a bhaineann le forbairt
- Cabhrú le mic léinn scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir le comhpháirtíochtaí foghlama Thuaidh/Theas a bheith ina modh chun tuiscint a fheabhsú, chun foghlaim chomhpháirteach a éascú agus chun dlúthpháirtíocht a léiriú
- Meas, tuiscint agus ionbhá a chothú i leith daoine i gcúltúir éagsúla agus in imthosca éagsúla.

8. Torthaí na foghlama

Tar éis an t-aonad seo a chríochnú, ba cheart go mbeadh na mic léinn in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- machnamh criticiúil a dhéanamh faoina gcuid tuairimí féin faoin domhan ina maireann siad agus faoina n-ionad sa domhan sin
- íomhánna, téacsanna agus léarscáileanna a bhaineann leis an Deisceart Domhanda a anailísiú
- luach an duine eile a thuiscint agus éisteacht le daoine eile go hurramach agus go hoscailte
- obair a dhéanamh i ngrúpaí agus aitheantas a thabhairt do luach ionchur gach uile dhuine
- tuairimí eolasacha a nochtadh faoi réimse saincheistean a bhaineann le forbairt
- steiréitíopáil agus claontacht a aithint in ábhar clóite, in íomhánna, i bplé idirphearsanta agus iontu féin, agus léirmheas a dhéanamh orthu
- na scileanna a leiriú a bhaineann le taighde, cumarsaid agus cur i láthair
- faisnéis agus sonraí a chur i láthair daoine eile ar shlí chruthaitheach spreagúil, agus úsáid á baint as modhanna éagsúla ealaíonta agus as TCF
- machnamh criticiúil a dhéanamh ar na cúiseanna atá acu le nascadh Thuaidh/Theas a dhéanamh agus ar na tairbhí féideartha agus na deacrachtaí féideartha
- plé agus measúnú a dhéanamh ar na bealaí éagsúla praiticiúla inar féidir le daoine dlúthpháirtíocht a léiriú agus inar féidir leo gaolmhaireachtaí cómhálartacha a thógáil idir an Tuaisceart agus an Deisceart
- ionbhá (seachas trua) a bheith acu le daoine a bhfuil a saoil éagsúil le saoil na mac léinn
- feasacht chultúrtha agus mothálacht chultúrtha a leiriú ina gcaidreamh leis an scoil chomhpháirtíochta
- tuiscint a léiriú orthu féin mar ghníomhairí i leith athraithe
- machnamh a dhéanamh fúthu féin mar fhoghlaimoirí trí úsáid a bhaint as Dialann Foghlama.

9. Príomscileanna

Próiseáil faisnéise

Conas a shainnítear iad

Foghlaimíonn na mic léinn conas íomhánna agus faisnéis sna meáin éagsúla a léamh go criticiúil. Úsáidfidh siad an t-idirlíon chun faisnéis a aimsiú le maidir le saincheisteanna domhanda agus forbróidh siad scileanna a bhaineann le faisnéis a thairneadh agus a eagrú agus le hachóimre a dhéanamh ar fhaisnéis. Ina theannta sin, beidh orthu machnamh a dhéanamh i dtaobh conas is fearr faisnéis a chur i láthair a bpiaraí agus a scoile comhpháirtíochta.

Machnamh criticiúil
cruthaitheach

Déanfaidh na mic léinn saincheisteanna domhanda a phlé agus a anailísiú agus tabharfar a ndúshlán chun athmhachnamh a dhéanamh ar chuid de na nithe a nglacann siad maidir le daoine agus áiteanna. Tabharfar spreagadh dóibh chun machnamh criticiúil cruthaitheach a dhéanamh maidir lena chinntiú go n-éiríonn le comhpháirtíocht foghlama.

Cumarsáid a dhéanamh

Trí na modheolaíochtaí éagsúla foghlama, foghlaimíonn na mic léinn conas éisteacht le daoine eile agus conas labhairt le daoine eile maidir le saincheisteanna domhanda; tuairimí a nochtadh, ábhair a phlé, tuairimíocht a dhéanamh, dúshlán a thabhairt, réasúnú a dhéanamh agus machnamh a dhéanamh. Ina theannta sin, gheobhaidh siad scileanna cumarsáide croschultúrtha trí nascadh agus trí fhoghlaim le scoil eile.

Ag obair le daoine eile

Beidh na mic léinn níos mothálaí i dtaca le tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla trí bhéim mhór a leagadh ar obair i ngrúpaí. Ina theannta sin, gheobhaidh na mic léinn seans chun foghlaim a dhéanamh i dtaobh conas oibriú le chéile trí obair thaighde agus obair thionscadail, agus chun tuiscint a fháil ar conas atá ról uathúil ag gach duine ar leith den ghrúpa. Foghlaimíonn siad freisin an luach a bhaineann le comhoibriú le mic léinn ó chultúr eile.

A bheith éifeachtach
mar phearsa

Éireoidh na mic léinn níos muiníní maidir lena dtuairimí a chur i láthair agus foghlaimíonn siad conas aiseolas a thabhairt agus conas glacadh le haiseolas. Ina theannta sin, leagfaidh siad amach aidhmeanna pearsanta agus comhaidhmeanna agus beidh orthu teorainneacha ama agus spriocanna a bhaint amach maidir le hobair thionscadail agus maidir le gnéithe eile de chuid an Idiraonaid. Foghlaimíonn mic léinn conas machnamh a dhéanamh ar cad atá foghlamtha acu agus ar na scileanna atá faighte acu trí úsáid a bhaint as Dialann Foghlama.



10. Cur Chuige Múinteoireachta

San idiraonad seo déantar úsáid modheolaíochtaí foghlama gníomhach a chur chun cinn agus glactar leis go bhfoghlaimíonn mic léinn níos mó óna chéile agus de bharr idirphlé a dhéanamh le daoine ó chúlraí éagsúla.

Dá bhrí sin, tá ról tábhachtach ag obair i ngrúpaí agus i bplé struchtúrtha maidir leis an aonad seo a mhúineadh. Déantar grianghraif, íomhánna, cartúin, ailt nuachtáin agus físeáin ghearra a úsáid mar mhodh chun tuairimí a cheistiú agus chun plé faoi ábhar áirithe a oscailt. Úsáidtear drámaíocht agus imirt ról chun seans a thabhairt do na mic léinn taithí a fháil ar shaol duine eile. Is féidir aoi-chainteoirí a úsáid mar chuid den aonad, gan trácht ar thurais allamuigh (amhail cuairt ar Ionad Eolais Chúnamh na hÉireann, Baile Átha Cliath). Spreagtar úsáid a bhaint as TCF trí leas a bhaint as taighde idirlín, as Skype, as cur i láthair PowerPoint a chruthú etc.

11. Cur chuige maidir le measúnú

Beidh measúnú bunaithe ar Dhialann Foghlama a chomhlánú. Beidh ábhar machnaimh le fáil sa dialann ó freagraí na mac léinn ar ghach ceann ar leith de na seisiúin – ag úsáid focail, ealaín nó íomhánna. Is ceart cúig nóiméad a chur ar leataobh ag deireadh gach ranga le go bhféadfaidh na mic léinn a gcuid smaointe agus a gcuid barúlacha faoi gach ceann de na ceachtanna a thaifeadh. I roinnt cásanna, beidh tuilleadh ama ag teastáil ó na mic léinn chun a ndialann a chomhlánú sa bhaile. Ní gá go mbeadh dialanna na mac léinn teoranta do fhreagraí pearsanta na mac léinn. De bhreis air sin, is féidir leis an múinteoir ceisteanna a sholáthar atá dírithe ar chabhrú leis na mic léinn breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna tábhachtacha agus ar na dúshláin tábhachtacha de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ina theannta sin, ligfidh an dialann do na mic léinn na nithe atá foghlamtha acu a shainaithint, na scileanna atá faighte acu a shainaithint agus ligfidh sí dóibh cur síos a dhéanamh ar an tslí atá an t-aonad imithe i gcion ar a ndearcadh agus ar a n-iompar. Ní gá go mbeadh an t-ábhar machnaimh atá sa dialann teoranta don fhocal scríofa amháin (is féidir ealaín, filíocht, líníocht, scannáin etc. a úsáid freisin.)

12. Luacháil

Tá luacháil chuimsitheach ann mar chuid dhílis de na hacmhainní a bhaineann leis an idiraonad seo.

13. Acmhainní agus suímh ghréasáin úsáideacha

Suímh Ghréasáin

Tá na hacmhainní agus na leatháin oibre atá ag teastáil chun an t-idiraonad seo a mhúineadh ar fáil in ‘Linking and Learning’ ó WorldWise: ríomhphost worldwise@leargas.ie nó glaoigh ar (01) 887 1232/1234 chun cóip a fháil nó is féidir cóip a íoslódáil ag www.irishaid.gov.ie/worldwise

www.developmenteducation.ie

– féach roinn an mhúinteora

www.dea.org.uk

– láithreán gréasáin an oideachais forbartha i ngníomh

www.developmenteducation.ie

– tá leatháin fíricí, scéalta i ngrianghraif agus cartúin le fáil ann mar aon le cuid mhór nithe eile

www.trocaire.org

– féach ar acmhainní oideachais agus ar fheachtasú araon

www.cyberschoolbus.un.org

– láithreán gréasáin na Náisiún Aontaithe maidir le saincheistanna le haghaidh mac léinn

www.globalissues.org agus www.oneworld.net

– tá faisnéis mhaith atá bunaithe ar thopaicí le fáil ar an dá láithreán

<http://learn.christianaid.org.uk/YouthLeaderResources/>

– réimse cluichí spráíúla, idirghníomhacha, ionsamhlúcháin chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheistanna domhanda a bhaineann leis an saol dáiríre.

D’fhéadfadh na hacmhainní ar líne seo a leanas cabhrú le múinteoirí agus le mic léinn scrúdú a dhéanamh ar chultúr, ar fhéiniúlacht agus ar ghaolmhaireachtaí cumhachta Thuaidh/Theas.

‘Through Other Eyes’ <http://www.throughothereyes.org.uk/>

‘Open Spaces for Dialogue and Enquiry’ <http://www.osdemethodology.org.uk/>

Acmhainní úsáideacha eile don mhúinteoir:

How the World Works, acmhainn do mhúinteoirí Idirbhliana, arna fhoilsiú ag an Debt and Development Coalition, 2010 agus é ar fáil ar líne ag www.debtireland.org nó trí ghlaoch ar (01) 617 4835.

A Good Practice Guide to Whole School Linking, arna fhoilsiú ag MUNDI

www.mundi.org.uk

What is Development? Teaching about Development Issues at key stage 3, arna fhoilsiú ag TIDE 80:20.



Tá na hábhair acmhainne sa phaca ceaptha chun tacú le múineadh an idiraoid dar teideal Nascadh agus Foghlaim.

Is é is aidhm don Aonad ná

- Cabhrú le mic léinn scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir le comhpháirtíochtaí foghlama Thuaidh/Theas a bheith ina modh chun tuiscint a fheabhsú, chun foghlaim chomhpháirteach a éascú agus chun dlúthpháirtíocht a léiriú agus cabhrú leo taithí a fháil ar na nithe sin
- Feasacht chriticiúil agus tuiscint a fhorbairt maidir le coincheapa agus saincheistanna tábhachtacha a bhaineann lena gcomhpháirtíocht foghlama
- Meas, tuiscint agus ionbhá a chothú i leith daoine i gcúltúir éagsúla agus in imthosca éagsúla.

Cé leis a mbaineann an tAonad seo?

Is féidir na hábhair a oiriúnú chun freastal ar riachtanais agus ar leasanna grúpaí éagsúla mac léinn agus freisin chun leas a bhaint as taithí agus naisc na scoileanna roimhe sin. Beidh an acmhainn seo ina ábhar spéise duit má tá nasc bunaithe ag do scoil le scoil chomhpháirtíochta nó le pobal comhpháirtíochta agus má táthar ag iarraidh an nasc sin a fhorbairt ar bhealach atá tairbheach go frithpháirteach. Más rud é go bhfuil tú fein agus do chuid mac léinn ar tí tosú ag smaoineamh faoi chomhpháirtíocht foghlama Thuaidh-Theas a chur ar bun, spreagfaidh na hacmhainní seo plé, díospóireacht agus feasacht faoi na saincheistanna atá i gceist.

Tá na hábhair ceaptha chun tacú le foghlaim ghníomhach agus chun cabhrú le mic léinn machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar na scileanna a bheidh á bhforbairt acu san Aonad. Mar gheall ar seo, molaimid a iarraidh ar na mic léinn dialann speisialta foghlama a fháil chun taifead a dhéanamh ann ar a gcuid smaointe pearsanta faoi na nithe a fhoghlaimíonn siad i rith an Aonaid seo agus, chomh maith leis sin, ar na scileanna atá faighte acu agus faoin tslí ina ndeachaigh an tAonad i gcion ar a ndearcadh agus ar a n-iompar (féach l. 12 chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoin Dialann Foghlama).

Conas an pacas seo a úsáid

Cé go bhfuil 3 chuid ann agus iad in ord áirithe – Ár nIonad sa Domhan; Scrúdú Níos Doimhne ar an Domhan; Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt – ní gá dul tríd an Aonad ar shlí líneach, agus tá sé beartaithe go n-úsáidfeair é ar bhealach solúbtha de réir riachtanais agus ábhair spéise do chuid mac léinn. Dá bhrí sin, is féidir rogha a dhéanamh i gcás roinnt de na gníomhaíochtaí a aicmítear mar ‘lárnach’ agus ‘neamhlárnach’, rud a fhágann go bhfuil tú saor chun líon na ngníomhaíochtaí a mbaineann tú úsáid astu in aon roinn ar leith a roghnú. Ina theannta sin, beidh tagairtí ann do ranna eile sa phaca (e.g. I gCuid 1, beidh moltaí ann maidir le roinnt gníomhaíochtaí breise a bhaineann le Codanna 2 agus 3) chun cur chuige solúbtha agus neamhlíneach a spreagadh maidir leis an bpacas acmhainní.



Eochair

Úsáidfeadh na siombailí seo a leanas tríd an phaca:



Gníomhaíocht Lárnach



Gníomhaíocht malairte -
oiriúnach le déanamh le do scoil scoil páirtíochta



Obair Dhialainne



Leathnú ar ghníomhaíocht



Tagairt nó Léim Ar Aghaidh (go ranna éagsúla sa phaca)



Ríomhaire



CD-ROM

Foghlaim atá bunaithe ar T.F.

Má cheadaíonn áiseanna na scoile amhlaidh, is féidir gné shubstantiúil den Aonad a bheith bunaithe ar an idirlíon. Is féidir leis na mic leinn cuid mhór gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar líne, go hairithe na ranna nach mór taighde agus imscrúdú a dhéanamh ina leith.

Cur chuige cross-churaclaim

Mar atá luaite i dTuairisceoir an Aonaid, tá naisc ann idir an tAonad seo agus réimse ábhar sa tsraith shóisearach agus shinsearach. D'fhéadfadh tairbhe a bheith ann do roinnt scoileanna agus roinnt mac léinn cur chuige cross-churaclaim a ghlacadh maidir leis an Aonad, agus beirt mhúinteoirí nó níos mó páirteach sa mhúinteoireacht a bhaineann leis. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur mhaith leis an múinteoir Tíreolaíochta comhoibriú le múinteoir Eolaíochta, Staire, Eacnamaíochta nó Oideachais Reiligiúnaigh.

Obair i ngrúpaí: ról a dháileadh

Nuair a bhíonn mic léinn ag obair i ngrúpaí 4-5, bí cinnte go dtugtar sraith ról-chártaí do ghach grúpa, ceann amháin do ghach duine sa ghrúpa - chun a chinntiú nach bhfuil aon 'paisineirí' ann sa ghníomhaíocht agus go dtuigeann gach duine go soiléir an ról a bheidh acu:

Áisitheoir: is é an ról atá agamsa ná a chinntiú go bhfaigheann gach duine seans chun labhairt agus smaointe a nochtadh. Chomh maith leis sin, ba cheart dom a chinntiú go bhfuil gach duine sásta leis na nithe atá á dtairfeadh ón ngrúpa.

Tairfeadóir: is é atá le déanamh agamsa ná smaointe na ngrúpaí a scríobh síos, ach gan sin a dhéanamh go dtí go bhfuil an grúpa sásta go bhfuil comhaontú ann maidir leis na freagraí.

Tuairisceoir: Ag deireadh an taisc, tabharfaidh mé tuairisc thar ceann an ghrúpa.

Maor Ama: Ní mór domsa a chinntiú go ndíríonn an grúpa ar an tasc an t-am ar fad agus a chur i gcuimhne dóibh go bhfuil an t-am ag éirí gann.





Dialann foghlama

Áirítear i measc chuspóirí an idiraonaid seo cabhrú le mic léinn machnamh a dhéanamh ar a n-eolas, ar a ndearcadh agus ar na nithe a chreideann siad agus cabhrú leo bealaí a shainaitheint ina d'fhéadfaidís forbairt a dhéanamh, nó glacadh le dúshlán, trí pháirt a ghlacadh san fhoghlaim. Is é is aidhm don Aonad freisin tacú le mic léinn maidir le machnamh a dhéanamh ar scileanna éagsúla atá a bhforbairt acu san Aonad. Á mheabhrú sin, ba cheart do ghach mac léinn dialann foghlama a choimeád. D'fhéadfadh cóipleabhar clúdaigh chrua nó cóipleabhar speisialta a bheith i gceist ar cóipleabhar é ina gcoimeádfaí taifead gach seachtain ar mhachnamh pearsanta na mac léinn faoi na nithe atá á bhfoghlaim acu agus, freisin, faoi na scileanna atá á bhforbairt acu.

1. Eagrú a dhéanamh

Is féidir leis an scoil sraith nó taleabhar/cóipleabhar speisialta a chur ar fáil do na mic léinn, ar leabhair iad a choimeád far sa scoil agus a úsáidfead ag deireadh gach ranga chun taifead a dhéanamh ar na nithe atá foghlamtha ag na mic léinn, nó is féidir a iarraidh ar na mic léinn a gcóipleabhar speisialta fein nó a nó taleabhar speisialta clúdaigh chrua féin a cheannach agus is féidir leo an leabhar sin a thabhairt leo chuig an rang agus é a úsáid chun na taifid sin a dhéanamh. Ag an tús, tá sé tábhachtach cuspóir na dialainne foghlama a mhíniú don rang agus míniú a thabhairt faoin tslí ina n-úsáidfead í.

2. Tús a chur leis na taifid

D'fhéadfaí tús a chur leis an dialann foghlama trína iarraidh ar na mic léinn cur síos a dhéanamh ar na nithe a bhfuil siad ag súil leo mar thoradh ar pháirt a ghlacadh san idiraonad seo.

D'fhéadfaidís roinnt abairtí den sórt seo a leanas a chríochnú

Ba mhaith liom foghlaim faoi...

Tá súil agam go bhfaighidh mé eolas faoi...

Is iad seo a leanas na scileanna ar mhaith liom a fhorbairt mar thoradh ar pháirt a ghlacadh san aonad seo...

Ag deireadh an aonaid seo, tá súil agam go...



3. Úsáid do dhialann gach seachtain chun na nithe seo a leanas a scríobh i do dhialann

1. **Machnamh na mac léinn** faoi na nithe atá foghlamtha acu. D'fhéadfaí cuid de na habairtí seo a leanas a thabhairt mar leideanna:

Is é an príomhrud a d'fhoghlaim mé ná...

Ceann de na rudaí a thaitin liom ná...

Ceann de na rudaí a raibh deacrachtaí agam leis nó a bhí dúshlánach ná...

Is iad seo a leanas na scileanna atá á bhforbairt agam...

Beidh sé seo úsáideach nuair... etc.

Is féidir leis na mic léinn úsáid a bhaint as a gcuid dialann chun machnamh a dhéanamh ar conas atá siad ag glacadh páirt sa rang agus ar conas atá a gcuid scileanna oibre foirne á bhforbairt trí na gníomhaíochtaí éagsúla.

2. Ba cheart an dialann foghlama a úsáid freisin chun taifead a choimeád ar thascanna éagsúla ar tugadh fúthu mar chuid den Aonad seo. Mar shampla, d'fhéadfadh achoimre a bheith ann ar eolas a bhfuil taighde déanta ag na mic léinn ina leith, ar láithreáin ghréasáin, ar dhréacht-chur i láthair, ar leatháin oibre agus ar thascanna obair bhaile.

4. Chun an dialann a chríochnú

Ba cheart go gcríochnófaí an dialann foghlama trí achoimre mhachnamhach a dhéanamh ar conas a déirigh leis an mac léinn le linn an Aonaid agus ar cad atá bainte amach acu i dtaca le forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint ar chomhpháirtíocht. D'fhéadfaidís machnamh a dhéanamh ar cheisteanna den chineál seo a leanas:

Is é an ud is tábhachtaí atá foghlamtha agam ná...

Is iad seo a leanas na príomhscileanna atá forbartha agam...

Seo a leanas rud atá foghlamtha agam fúm féin...

Rud a raibh deacracht agam leis ná...

Rud a chuir iontas orm ná...

Seo a leanas rud a bheidh úsáideach dom amach anseo...

I mo thuairimse, is é an tairbhe is tábhachtaí a bhaineann le comhpháirtíocht foghlama ná...

Marcáil Mholta:

- Taifead ar nithe a bhfuil súil leo faoi láthair. (10%)
- Tá taifead déanta ar mhachnamh seachtainiúil faoin bhfoghlaim (40%)
- Fianaise ar obair bhaile, ar obair thionscadail agus ar obair i ngrúpaí (40%)
- Machnamh deiridh ar an tairbhe foriomlán foghlama (10%)



Réamhphleanáil

1. Léigh Tuairisceoir an Idiraonaid (l. 4) chun tuiscint fhoriomlán ar cad leis a mbaineann an tAonad seo agus chun eolas a chur ar ábhar an aonaid agus ar an gcur chuige a bhaineann leis.
2. Déan teagmháil le WorldWise (worldwise@leargas.ie) agus féach ar a láithreán gréasáin (www.irishaid.gov.ie/worldwise): is féidir leo cabhrú leat nó comhairle a thabhairt duit maidir le forbairt a dhéanamh ar do chomhpháirtíocht foghlama Thuaidh-Theas. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do dhuine éigin labhairt leis an rang faoina thaití ar nascadh le scoil nó le pobal sa Deisceart Domhanda. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ócáidí áitiúla a bheith ann a bhféadfaí iad a chur san áireamh sa phleanáil a dhéanann tú, mar shampla Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine (10 Nollaig), Lá na hAfraice (25 Bealtaine) etc.
3. Iarr ar na mic léinn ullmhúchán a dhéanamh don Aonad seo trí dhialann foghlama a cheannach lena úsáid sa rang gach lá.
4. Má tá seomra ranga ar leith agat ina múinfean an tAonad, cuir clár fógraí in airde chun obair a chur ar taispeáint, chun na bunrialacha atá comhaontaithe le haghaidh an ranga a chur i gcuimhne do na mic léinn, agus chun taifead a choimeád ar cheisteanna i gcomhair an mhachnaimh atá le déanamh ina ndialanna.
5. Le linn an chéad ranga, déan conradh, is é sin, bunrialacha le haghaidh foghlama comhoibrithí agus iad comhaontaithe ag gach duine sa rang.
6. Cuir Peter's Projection Map of the World ar taispeáint sa seomra ranga (chun ceann a ordú, téigh chuig <http://www.petersmap.com/>).

Nóta faoi théarmaíocht

Ar fud an Aonaid Nascadh agus Foghlaim agus an phaca Acmhainní, úsáidtear na téarmaí 'Thuaidh/Theas' nó 'An Tuaisceart Domhanda/An Deisceart Domhanda' seachas 'An Chéad Domhan/An Tríú Domhan' nó tíortha 'Forbartha/I mBéal Forbartha'. Nuair a dhéantar tagairt do thíortha de chuid 'An Tuaisceart', is é atá i gceist i gcoitinne ná mór-ranna na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh agus na hAstráile, agus nuair a dhéantar tagairt do thíortha de chuid 'An Deisceart', is é atá i gceist i gcoitinne ná mór-ranna na hAfraice, na hÁise agus Mheiriceá Laidinigh. Tugtar 'An Domhan Mionlaigh' agus 'An Domhan Tromlaigh' faoi seach ar na grúpaí tíortha sin uaireanta. Ní dhéanann aon cheann de na téarmaí sin cur síos iomlán ar an éagsúlacht atá ann inár sochaí dhomhanda (mar shampla, is ionann na téarmaí Tuaisceart agus Deisceart agus íoslaghú a dhéanamh ar na héagothroimí atá ann i sochaithe sa Tuaisceart agus sa Deisceart). Úsáidimid iad mar leaganacha i ngearrscríbhinn agus níl sé i gceist a thabhairt le fios go bhfuil tosaíocht ná ísleacht i gceist leo.

Sa chuid seo den Aonad tugtar réimse gníomhaíochtaí ar féidir leat cuid acu a roghnú chun na mic léinn a chur ar an eolas faoin ní ar a dtugtar comhpháirtíocht foghlama agus chun scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar a gcomhpháirtíocht scoile féin.

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí ná cabhrú leis na mic léinn smaoineamh fúthu féin agus faoina saoil agus faoi conas atá saoil s'acu féin bainteach le saoil daoine ar fud an domhain. Is é is aidhm don chuid seo den Aonad freisin ná steiréitíopaí agus réamhthuirimí faoi phobail agus faoi áiteanna éagsúla a cheistiú, go háirithe trí bhreathnú ar thuirimí faoi thíortha ar a dtugtar 'tíortha saibhre' agus 'tíortha bochta'.



Réamhghníomhaíocht: Seas suas, suigh síos

Aidhmeanna

- Réamhrá éadrom a thabhairt maidir leis an idiraonad agus spéis na mac léinn a mhúscailt
- Spreagadh a dhéanamh chun machnamh a dhéanamh faoi na nithe atá bainteach linn ar fud an domhain.

Céimeanna

1. Míniú go mbeidh mic léinn i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le seasamh suas agus suí síos, de reir nithe éagsúla a bheidh á lua. Baineann na nithe go léir a bheidh á lua le hiompraíocht dár gcuid féin. Leag béim ar conas is minic a bhíonn ár n-iompraíocht bainteach leis an gcuid eile den domhan ar bhealach éigin. Is féidir tionchar dearfach agus tionchar diúltach a bheith ag gabháil leis an mbaint sin. Iarr ar na mic léinn roinnt samplaí a thabhairt.
2. Cuir tús leis an ngníomhaíocht agus gach duine ina seasamh. Ansin abair “Fan i do sheasamh más rud é...”
 - Go ndéanann tú athchúrsáil ar aon nithe i do theach
 - Go gceannaíonn do theaghlach táirgí Cóirthrídála
 - Go shiúlann tú chun na scoile nó go dtéann tú chun na scoile ar rothar
 - Go ndéanann do theaghlach múirín as dramhbhia
 - Go bhfuil bolgáin solais agat atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de
 - Go ndéanann duine de do theaghlach obair dheonach sa phobal áitiúil.

3. Ag deireadh na coda seo, féach an líon daoine atá ina seasamh fós.
 - Iarr ar an ngrúpa a rá cad é an rud comhchoiteann a cheanglaíonn na nithe sin go léir le chéile
 - Déan seisiún gearr tobsmaointe faoi cad atá i gceist le ‘saoránach domhanda’. Iarr ar na mic léinn tuairimí eile a thabhairt faoi iompraíocht a bhféadfaí a bheith ag súil léi ó shaoránach freagrach domhanda.
4. Cuir tús leis an ngníomhaíocht agus gach duine ina seasamh. Ansin abair “Fan i do sheasamh más rud é...”
 - Gur ith tú seacláid le linn na 24 huaire an chloig seo caite
 - Go raibh gloine sú oraiste agat don bhriceasta
 - Gur ól tú cupán tae nó caife le linn na 24 huaire an chloig seo caite
 - Gur ith tú banana le linn na 24 huaire an chloig seo caite
 - Go bhfuil ball éadaigh á chaitheamh agat atá déanta as cadás.

Faoin am seo, is dócha go mbeidh gach duine ina suí. Iarr ar na mic léinn a rá cad é an rud comhchoiteann a cheanglaíonn na nithe sin go léir le chéile. Sea, déantar na nithe go léir a luadh a tháirgeadh sa Deisceart Domhanda.

Rinneadh an ceacht thuas a oiriúnú ó: Games & Activities to Encourage Thinking about the Global Dimension, Helen Gosnell, 2007.



Réamhghníomhaíocht: Seas suas, suigh síos (ar lean)



Gníomhaíochtaí breise

Pléigh an ráiteas seo a leanas:

“Sula gcríochnóidh tú do bhricfeasta maidin inniu beidh tú tar éis a bheith ag brath ar an leathchuid den domhan ... Ní bheidh aon síocháin againn ar an domhan go dtí go dtugaimid aitheantas don fhóras bunúsach sin.”

Martin Luther King, Jr.

Tá gníomhaíocht eile ar feidir a úsáid i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar an bhaint atá againn leis an domhan mór, is é sin le rá, Globingo ([Féach I. 11](#)).



Obair dhialainne

Ag deireadh gach ranga, iarr ar na mic léinn a gcuid dialann a úsáid chun cabhrú leo machnamh a dhéanamh ar chad atá foghlamtha acu agus ar chonas a chuaigh na saincheistean a scrúdaíodh sa rang seo i gcion orthu. Ba cheart go n-eireoidh sé seo níos éasca dóibh de réir mar a fhaigheann siad taithí ar mhachnamh a dhéanamh faoi cad atá foghlamtha acu tar éis gach ranga.

Tar éis na ngníomhaíochtaí seo, iarr ar na mic léinn na habairtí seo a leanas a chríochnú ina gcuid dialann:

- Is é an príomhrud a fhanfaidh liom mar gheall ar an lá inniu ná...
- Is é an rud is suimiúla a d'fhoghlaim mé inniu ná...
- Chomh maith leis sin, d'fhoghlaim me...
- Ba ábhar iontais dom.



Láithreáin ghréasáin úsáideacha

<http://www.developmenteducation.ie/teachers-and-educators/working-with-groups/general-icebreakers.html>

Tugann an láithreán seo mórán spriocanna tús a chur le hoideachas cheartas domhanda.



GLOBINGO

Leathán an Mhic Léinn

Téigh tríd an rang agus aimsigh daoine éagsúla chun gach ceist ar leith a fhreagairt.

Líon isteach a n-ainmneacha agus ansin an tír/áit a bhfuil baint acu léi.

Nuair atá an leathán iomlán comhlánaithe agat glaoigh amach "GLOBINGO"

<p>Gaol leis nó léi a chónaíonn i dtír eile</p> <p>Ainm: An Tír:</p>	<p>Tá teanga de chuid tíre eile aige nó aici</p> <p>Ainm: An Tír:</p>	<p>Is mian leis nó léi cónaí i dtír eile</p> <p>Ainm: An Tír:</p>
<p>Tá sé nó sí in ann tír a ainmniú ina dtáirgtear bananaí</p> <p>Ainm: An Tír:</p>	<p>Cuairt tugtha aige nó aici ar thír eile ar laethanta saoire</p> <p>Ainm: An Tír:</p>	<p>Tá rud éigin cloiste aige nó aici le déanaí ar an teilifís faoi thír eile</p> <p>Ainm: An Tír:</p>
<p>Tá ball éadaigh a rinneadh san Áise á chaitheamh aige nó aici</p> <p>Ainm: An Tír:</p>	<p>Tá sé nó sí in ann pearsa chlúiteach spóirt nó ceoltóir clúiteach as an Afraic a ainmniú</p> <p>Ainm: An phearsa spóirt nó an ceoltóir:</p>	<p>Tá rud éigin ina phóca/póca aige nó aici a tháinig as tír eile</p> <p>Ainm: An Tír:</p>
<p>Rugadh é nó í i dtír eile</p> <p>Ainm: An Tír:</p>	<p>Cumarsáid déanta aige nó aici le duine eile i gcuid eile den domhan tríd an idirlíon</p> <p>Ainm: An Tír:</p>	<p>Tacaíonn sé nó sí le foireann spóirt de chuid tíre eile</p> <p>Ainm: An Tír:</p>



Mise agus Mo Shaol

Aidhm

- Feasacht na mac léinn faoi na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir daoine óga a chruthú.



Cuid 1 – Cad iad na nithe comhchoiteanna a bhaineann linn agus cad iad na nithe uathúla a bhaineann linn? GNÍOMHAÍOCHT LÁRNACH

Na hábhair atá ag teastáil: Dhá leathán páipéir agus marcóir do ghach grúpa ar leith.

Roimh ghníomhaíocht oibre grúpa den sórt seo a dhéanamh don chéad uair, iarr ar na mic léinn na ról éagsúla a scríobh síos ina ndialanna (féach l. 4) ionas go n-eireoidh siad eolach orthu. Ba cheart duit ról-chartaí a dháileadh ar ghach rannphairtí freisin mar aon le tuairisc ar an ról atá i gceist, agus bí cinnte go ndéantar uainíocht ar na ról le linn gníomhaíochtaí éagsúla oibre grúpa.

1. Déan grúpaí ina bhfuil 4-5 mhac léinn agus tabhair dhá leathán páipéir agus peann luaidhe nó peann do ghach grúpa. Bí cinnte go bhfuil Áisitheoir, Taifeadóir agus Maor Ama anndo ghach grúpa. Chun tuairiscí ar na ról-chartaí a fheiceáil (féach l. 4).
2. Míneigh an tasc ansin. Is é atá sa chéad chuid den ghníomhaíocht ná ‘Nithe Comhchoiteanna’, nuair a thionsaíonn gach grúpa liosta de na nithe a bhaineann leo go comhchoiteann. Le go mbeidh aon ní áirithe cáilithe don liosta, ní mór go mbeidh baint aige le gach duine sa ghrúpa. Iarr ar na mic léinn nithe a scríobh atá sofheicthe do dhaoine eile (e.g. “tá an éide chéanna á caitheamh againn go léir”). Déan iarracht a áiteamh orthu machnamh níos doimhne ná sin a dhéanamh. Tar éis thart ar 5 nóiméad, iarr ar urlabhraí ó gach grúpa a liosta a léamh amach.
3. Ansin iarr orthu “Nithe Neamh-Chomhchoiteanna” a thaifeadadh ar an dara leathán páipéir, rud a chiallaíonn nach mbaineann gach ní ar leith ach le duine amháin sa ghrúpa. Déanann an grúpa iarracht chun 2 ní neamh-chomhchoiteanna a aimsiú do gach duine. Tar éis 5-7 nóiméad, is féidir leat a iarraidh ar ghach duine ceann amháin dá nithe neamh-chomhchoiteanna a lua nó iarr ar dhuine iad a léamh amach ceann i ndiaidh an chinn eile, agus iarr ar na daoine eile a thomhas cén duine a bhí i gceist. (Mar an gcéanna le 2 thuas, ba cheart machnamh níos doimhne a dhéanamh, agus na nithe atá sofheicthe go héasca a sheachaint).

De bharr na gníomhaíochta seo, tuigeann daoine go bhfuil níos mó nithe comhchoiteanna ag baint leo ná mar a ceapadh ar dtús. Tá feasacht ar a saintréithe uathúla féin tairbheach freisin nuair a thosaíonn siad ag labhairt faoi dhaoine i gcultúir eile nó faoi ghrúpaí daoine a ndéantar steiréitíopú ina leith go minic.

Creidiúint: Acmhainní oiliúna ‘Comhlámh’.



Cuid 2 – Mo Phróifíl Phearsanta



Gníomhaíocht lárnach/ Gníomhaíocht mhaith malairte

1. Iarr ar na mic léinn a shamhlú go mbeidh siad ag bualadh le duine eigin comhaoise a thagann as cultúr eile. (Má tá nasc ag an scoil cheana féin le tír áirithe, ansin is féidir leat tagairt a dhéanamh don tír seo.
2. Chun iad féin a chur in aithne dá chéile, ullmhóidh siad próifíl dóibh féin, sa tslí chéanna atá déanta ag mic léinn cheana féin ar Facebook, b'fhéidir. Seo a leanas roinnt ceisteanna chun cabhrú leo tús a chur leis an tasc. Tabhair spreagadh do na mic léinn a gcuid smaointe féin a úsáid.

Ceol a n-éistim leis

An áit ina bhfuil cónaí orm

Na nithe ar fearr liom breathnú orthu ar an teilifís

Mo theaghlach

Na bianna is fearr liom

An ní is tábhachtaí i mo shaol faoi láthair

Na nithe is maith liom a dhéanamh le linn mo chuid ama shaoir

Nithe ar mhaith liom iad a athrú sa somhan

Na hábhair scoile is fearr liom

Ábhair dhóchais don toadhcháí

3. Má mhothaíonn na mic léinn compordach maidir lena bpróifílí roinnt i ngrúpaí beaga, cuir am ar fáil chuige sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur mhaith leo a gcuid próifílí a mhalartú le scoil chomhpháirtíochta anois nó ag céim níos déanaí.
4. Is é atá sa chéad chéim eile ná tús a chur le comhrá faoi shaol daoine óga sa Deisceart Domhanda, agus scrúdú a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir shaoil na ndaoine óga sin agus shaoil déagóirí in Éirinn.

Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

- Má tá do scoil nasctha le scoil sa Deisceart Domhanda cheana féin, ansin léigh roinnt litreacha ó mhic léinn ina ndéantar cur síos ar a saoil
- Iarr ar chuirteoir/iardhalta teacht chuig an rang chun labhairt faoina dtaithe ar mhaireachtáil i dtír de chuid an Deiscirt, nó ar chuirteoir a tugadh ar thír de chuid an Deiscirt, agus faoi na nithe a d'fhoghlaim siad faoi shaol na ndaoine óga sa tír sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh grianghraif agus scéalta le roinnt acu
- Léigh cuntais éagsúla faoin saol i Mósaimbíc, sa Tansáin, san Aetóip, i Leosóta agus i Vítneam ó thaobh dhearcadh na ndaoine óga i 'One World Our World'. <http://www.developmenteducation.ie/media/documents/OneWorldOurWorld.pdf>



Cuid 2 – Mo Phróifíl Phearsanta



Breathnaigh ar fhíseán faoi dhaoine óga Afracacha i mbun cainte ón ábhar atá ar fáil ar an CD ROM.

Roinnt moltaí:

'Join Up Kenya', físeán gairid ina dtaispeántar comhpháirtíocht idir mic léinn meánscoile i gCéinia agus mic léinn meánscoile in Éireann mar chuid de Comic Relief 2008.

'Why do white people have black spots'? San fhíseán gairid seo (6 nóim) taispeántar daoine óga as Gána agus ceisteanna á gcur acu faoin saol i dtíortha níos saibhre.

5. I ngrúpaí beaga, déan liosta d'ábhair spéise chomhchoiteanna, de thaithí comhchoiteann agus d'ábhair dhóchais chomhchoiteanna a d'fhéadfadh a bheith ag déagóirí. Ansin, ar an taobh eile den leathanach, déan liosta de na bealaí ina bhféadfadh do shaol in Éireann a bheith éagsúil le saol déagóra i do thír chomhpháirtíochta.



Gníomhaíocht bhreise

Leanann an ghníomhaíocht ar an gcéad leathanach eile (Mo Chuid Tosaíochtaí) go maith as an gceacht seo.

D'fhéadfá breithniú a dhéanamh freisin i dtaobh cuairt a thabhairt ar an Irish Aid Volunteering and Information Centre i mBaile Átha Cliath (01) 854 6920 chun féachaint ar thaispeántas Khulungira ar cuid de físeán dar teideal 'Harvesting Hope: Memory's Day', ina dtugtar faisnéis faoi lá i saol chailín scoile i sráidbhaile Khulungira sa Mhaláiv.



LÉIM AR AGHAIDH: chuig cuid de na gníomhaíochtaí tosaigh i gCuid 3 a bhaineann leis na spreagthaí agus na hionchais is bun le nascadh.



Obair dhialainne

I do dhialann, scríobh síos do thuairimí (smaointe agus mothúchain) faoi rang an lae inniu.

Scríobh síos na nithe is suimiúla a bhain le ceacht an lae inniu, mar aon le nithe a chuir iontas ort agus nithe a d'fhoghlaim tú.



Cuid 2 – Mo Phróifíl Phearsanta

Mo chuid tosaíochtaí

Roinn an rang i ngrúpaí 3-4 agus tabhair sraith cártaí do gach grúpa. Ní gá duit na cártaí go leir anseo thíos a úsáid – níl ann ach treoir duit. Is é atá le déanamh ag na mic léinn ná na cártaí a eagrú mar a bheadh pirimid ann de réir na nithe is tábhachtaí agus na nithe is lú tábhacht ina saol. Nuair atá na cártaí go léir léite acu ní mór dóibh pirimid ghrúpa a thógáil. Cuimhnigh nach bhfuil aon fhreagra ceart ná aon fhreagra mícheart ann. Nuair atá an tasc seo críochnaithe acu agus nuair atá a bhfreagraí roinnte acu, fiafraigh de na mic léinn an gceapann siad go bhféadfadh sé go ndéanfadh déagóirí as cultúr éagsúil an tasc seo a chur i gcrích ar bhealach éagsúil. Cad iad na tosaíochtaí a d'fhéadadh a bheith mar an gcéanna/éagsúil?



SIOMBALMHALAIRTE: Is féidir leis na mic léinn a gcuid freagraí a thaifeadh agus iad a pháirtiú lena scoil chomhphairtíochta.

Teaghlach

Ainmhithe

Oideachas

Teicneolaíocht

Sláinte

Cáirde

Saol sóisialta

Airgead

Siamsaíocht

Neamhspleáchas

An baile

Bia folláin

Saoirse

Timpeallacht ghlan

Spórt

Ceol

Uisce

Spraoi

Éadaí

Sábháilteacht/Slándáil

Reiligiún

Úsáid an cárta seo chun do rogha rud féin a chur isteach





Steiréitíopaí agus braistintí

Ná cuir lipéad orm

Baineann an chéad 4 ghníomhaíocht eile le téama steiréitíopaí agus braistintí. Molaimid go roghnóidh tú ceann amháin nó dhó díobh seo lena ndéanamh sa rang leis na mic léinn le nach mbeidh aon athrá ann.

Aidhm

- Cabhrú le mic léinn machnamh criticiúil a dhéanamh ar conas is féidir steiréitíopaí agus réamhthuirimí tionchar a imirt ar an slí ina bhféachaimid ar dhaoine – mar dhaoine aonair agus i ngrúpaí .
- Iarr ar na mic léinn féachaint ar na focail agus 3 fhocal a roghnú chun lipéad a chur ar na daoine atá liostaithe thíos:

- Iarr ar gach duine a bhfreagraí a phairtiú
- Déan plé i dtaobh an bhfuil baint chomhchoiteann ann idir focail/tuirimí airithe agus grúpaí airithe daoine. An bhfuil na lipéid seo cruinn/cóir? Conas a d'fhéadfadh na lipéid seo difear a dhéanamh don tslí ina mothaímid nó ina ngníomhaímid i dtaca le daoine éagsúla?
- Cad iad na samplaí eile de steiréitíopaí a gcuimhníonn na mic léinn orthu? Cad faoi Lucht an Tuaiscirt agus Lucht an Deiscirt? Coilcigh agus muintir an bhaile mhóir? Steiréitíopaí inscna? etc.
- Nasc an ghníomhaíocht seo leis an gcéad ghníomhaíocht eile ina ndéanfaidh na mic léinn breithniú i dtaobh conas is féidir le steiréitíopaí tionchar a imirt ar an tslí ina mbreathnaímid ar dhaoine i dtíortha níos boichte.

Déagóra bhfuil geansaí cochaill air/uirthi		Pinsinéir	Máthair aonair	
Súmaire	Dílis	Seanfhaiseanta	Geanúil	Spleách
Fuinniúil	Mall	Dian-saothraí	Saibhir	Sona
Reiligiúnach	Díomhaoin	Bocht	Macánta	Faoi dhúlagar
Mothálach	Brónach	Galánta	Tuirseach	Cairdiúil
Leisciúil	Dea-bhéasach	Uaigneach	Drabhlásach	Réchúiseach
Dearfach	Tarraingteach	Neamhbhuartha	Salach	Bocht
Leadránach	Cineálta	Greannmhar	lonsaitheach	Síochánta



Cluiche eisiaimh

Roinn na rannpháirtithe i dtrí ghrúpa

1. Cuir spota daite ar éadan gach rannpháirtí: **Dearg** do ghrúpa amháin, **Glas** do cheann eile agus **Gorm** don tríú ceann.
2. Abair leis na rannpháirtithe go bhfuil gach duine den lucht Glas idir 30 agus 40 bliain d'aois agus go bhfuil an chumhacht ar fad acu. Tabhair cathaoireacha dóibh chun suí orthu. Abair leis an lucht Dearg go bhfuil siad go léir os cionn 65 bliana d'aois agus nach mór dóibh seasamh le chéile ar imeall an tseomra. Níl cead acu labhairt.
3. Abair leis an lucht Gorm go bhfuil siad go léir faoi bhun 18 mbliana d'aois agus nach mór dóibh gach rud a deir an lucht Gorm leo a dhéanamh. Is féidir leat roinnt moltaí a thabhairt go ciúin don lucht Glas faoi nithe a d'fhéadfaidís leis an lucht Gorm, amhail léimigí suas síos ar chois amháin, déanaigí fuaimeanna ainmhithe, ligigí oraibh gur éin sibh, go gcaithfidh an lucht Gorm stopadh/athrú aon uair a deir an lucht Glas amhlaidh, etc.
4. Is féidir leat an ceacht a dhéanamh athuair trí na spotaí a mhalartú ionas go mbeidh deis ag gach duine taithe a fháil ar gach dath.

5. Tarraing an grúpa ar fad le chéile arís chun plé a dhéanamh:

- Conas a mhothaigh gach duine ag gach céim den chluiche?
- Conas a mhothaíonn sé a bheith eisiata/gan chumhacht?
- An léiríonn sé seo conas a dhéileáiltear le daoine in aoisghrúpaí éagsúla in Éirinn?
- Cad iad na grúpaí eile a mbaineann eisiaimh leo?
- An léiríonn an cluiche seo an tslí ina n-oibríonn an chumhacht idir tíortha saibhre agus tíortha bochta freisin?

(Cuireadh an ghníomhaíocht seo in oiriúint ón bpaca. All Different All Equal an NYCI, l. 18)



Obair dhialainne

Mar obair bhaile, úsaid do dhialann chun machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

Conas a mhothaigh mé le linn an cluiche a imirt inniu

Conas a mhothaím faoi eisiaimh in Éirinn sa lá atá inniu ann

Conas a thuigim eisiaimh mar a tharlaíonn se i dtíortha eile nó idir tíortha

Ar an mBus

Aidhm

- Go dtiocfaidh daoine óga ar an eolas cé chomh coitianta atá steiréitíopú agus idirdhealú.

Ábhair

Blu Tack

Lipéid charachtair

Tá seomra mór ag teastáil don ghníomhaíocht seo, agus dóthain spáis ann le gur féidir leis na mic léinn siúl thart ann.

1. Tá sé tábhachtach go ndéantar an ghníomhaíocht seo i dtimpeallacht “sábháilte” ina n-aithnítear cé go mbíonn réamhuairimí agus míthuiscint ag daoine gur féidir iad a cheistiú.
2. Cuirtear lipéid in áiteanna éagsúla sa seomra agus tuairisc orthu ar chineálacha daoine, mar shampla:
 - Lúthchleasaí
 - Mac léinn idirnáisiúnta a bhfuil staidéar á dhéanamh ar Bhéarla aige/aici
 - Moslamach
 - Seanmháthair
 - Tuismitheoir aonair
 - Dídeanaí
 - Duine ar a bhfuil meabhair-thinneas
 - Feirmeoir
 - Coirpeach/sceimhlitheoir ciontaithe
 - Fear gnó



Ar an mBus (ar lean)

3. Insítear do na mic léinn go bhfuil siad ag dul ar thuras fada bus agus gur féidir leo an duine ar mhaith leo suí in aice leis a roghnú as an réimse lipéad atá ar taispeáint. Tabhair roinnt ama dóibh chun na lipéid go léir a léamh agus a gcinneadh a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Is é an rud nach bhfuil ar eolas ag na mic léinn ná cad atá ar chúl an lipéid; dá bhrí sin, mar shampla (ná bíodh aon leisce ort do chuid ainmneacha/íomhánna féin a chur isteach anseo):

- Is é an lúthchleasaí Peter McGrath atá ann, buaiteoir boinn óir sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta
- Antonio Banderas atá sa mhac léinn a bhfuil staidéar á dhéanamh ar an mBéarla aige (bhí air Béarla a fhoghlaim nuair a chuaigh sé ag obair in Hollywood den chéad uair, ní raibh aige ach Spáinnis an tráth sin)
- Is é atá sa dídeanaí ná an t-aisteoir Jackie Chan nó an t-amhránaí Mike
- An Banphrionsa Diana nó J.K. Rowling atá i gceist leis an duine a bhfuil meabhair-thinneas air/uirthi
- Is é atá sa choirpeach/sceimhlitheoir ciontaithe ná Nelson Mandela
- Is é atá san fhear gnó ná Mark Zuckerberg, bunaitheoir Facebook
- Is é atá sa Mhoslamach ná Muhammad Ali
- Feirmeoir ban sútha talún as na hOileáin Philipíneacha atá san fheirmeoir
- Is í Mary Robinson an tseanmháthair
- Is é an galtaire, Darren Clarke, an tuismitheoir aonair.

NB: Níl sa mhéid sin ach samplaí agus is féidir na lipéid a oiriúnú chun bheith in oiriúint le treochtaí reatha, etc.

4. Nuair a bheidh gach duine ina suí is féidir leis na rannpháirtithe a rá cén fáth a rinne siad rogha áirithe agus, duine i ndiaidh duine, iarrtar orthu cur síos a dhéanamh ar an duine a bhfuil siad ina suí in aice leis/léi, agus úsáid á baint as a samhlaíocht acu.
5. Ansin, ceann i ndiaidh cinn eile, osclaítear na cártaí chun céannacht an duine taobh thiar den lipéad a nochtadh. Ansin, pléann na rannpháirtithe an chúis le roghnú a suíocháin agus, ina dhiaidh sin, conas a mhothaigh siad nuair a d'oscail siad a gcártaí.

Foinse: Northern Ireland Commission for Children and young People

http://www.nickey.org/uploaded_docs/UNCRC%20Resources/Secondary%20exercises/On%20the%20Bus%20Jan%202009.pdf



Tuairimí Tosaigh

- Déan grúpaí beaga gan ach 5-6 mhac léinn a bheith i ngach grúpa. Scaip sraith pictiúr ar na grúpaí nó, mar mhalairt air sin, greamaigh den bhalla iad agus iarr ar na mic léinn siúl thart agus breathnú orthu. Úsáid 'Post-its' chun ligean do na mic léinn a dtuairimí tosaigh a scríobh síos faoi na grianghraif éagsúla agus iad a ghreamú de gach pictiúr.
- Iarr ar gach duine a dtuairimí tosaigh a roinnt agus pléigh an t-ábhar ansin
 - An raibh na tuairimí tosaigh céanna ag gach duine?
 - Cad iad na nithe ar glacadh leo mar fhíorais?
 - Cén coibhneas atá aige sin leis an saol ó lá go lá?
 - Ar tharla sé duit riamh go raibh tuairim thosaigh agat a bhí go hiomlán mícheart sa deireadh?
- Ansin, cuir na focail seo a leanas ar an gclár/smeach-chairt agus iarr ar na mic léinn gach focal ar leith a nascadh le tír nó le pobal tíre.
- Bailigh na freagraí go léir agus déan plé ar fhocail áirithe ansin má bhaineann focail/tuairimí áirithe le tíortha áirithe. Cén fáth? Cad as do na tuairimí seo? An gá gur íomhá fhíor nó íomhá chóir atá i gceist? Má tá íomhánna diúltacha againn nó má tá steiréitíopaí againn faoi tír áirithe, conas a d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh don tslí ina motháimid faoi dhaoine as an tír sin? An bhféadfadh sé difear a dhéanamh don chaidreamh a bheadh againn le duine ón tír sin a chasfaí orainn?



Obair dhialainne

I do dhialann, scríobh síos do thuairimí (smaointe agus mothúcháin) faoi rang an lae inniu. Ansin, críochnaigh na habairtí seo a leanas:

- Ní amháin atá foghlamtha agam fúm féin ná...
- Ní amháin atá foghlamtha agam faoi dhaoine eile ná...

Seasc	Torthúil	Dian-saothraí	Saibhir	Mímhacánta
Reiligiúnach	Díomhain	Bocht	Macánta	Fliuch
Sona	Brónach	Galánta	Éillitheach	Cairdiúil
Leisciúil	Dea-bhéasach	Poncúil	Ceolmhar	Réchúiseach
Cultúrtha	Stíliúil	Ardghlórach	Galánta	Glan





Íomhánna agus Teachtaireachtaí

Aidhmeanna

- cur le scileanna an mhic léinn maidir le híomhánna agus teachttaireachtaí sna meáin a thuiscint
- dúshlán a thabhairt maidir le steiréitíopaí agus braistinstí a bhaineann le tíortha saibhre agus tíortha bochta.

Gníomhaíocht 1 - Réamhobair

Iarr ar na mic léinn seasamh má tá freagra dearfach acu ar aon cheist:

- Cé a itheann prátaí gach lá?
- Cé aige a bhfuil geansaí Árannach?
- Cé a sheinneann nó a éisteann le ceol Gaelach?
- Cé atá ina Chaitleacach agus a fhreastalaíonn ar Aifreann gach Domhnach?
- Cé tá i gclann go bhfuil trí pháiste nó níos mó ann?
- Cé a chónaíonn i dteach ceann tuí?
- Cé dhóinn móin i dtine oscailte?
- Cé a imríonn nó a thacaíonn leis an CLG?
- Cé aige a bhfuil ríomhaire sa bhaile?

Nóta: Togadh na ceisteanna thuas d'aon ghnó chun gnáth stíreítíopáil ar mhuintir na hÉireann a léiriú. Baineann an cheist dheireanach le hÉirinn atá nua - aimseartha-an teaspórtálaí is mó de bhog earraí ar domhan.



Céimeanna

1. Taispeáin na sleamhnáin do na mic léinn (taispeántas sleamhnán PPT dar teideal "Images of Places" an CD), ar sleamhnáin iad ina dtaispeántar íomhánna de thíortha éagsúla agus iarr orthu a rá cén áit ar tógadh gach ceann de na grianghraif, dar leo.
2. Ag deireadh an taispeántais griangraf, déan seiceáil chun a fháil amach cá mhéad freagra ceart a bhí ag na mic léinn.
3. Pléigh gach íomhá, ceann i ndiaidh an chinn eile, agus bain úsáid as an deis seo chun dúshlán na mac léinn a thabhairt faoi na steiréitíopaí atá acu maidir le daoine agus tíortha sa Deisceart Domhanda.

D'fhéadfadh ceisteanna den sórt seo a leanas a bheith ina gcabhair duit:

- Cad a chuir iontas ort? Cad chuide sin?
- Cá bhfaigheann tú an chuid is mó de na tuairimí atá agat faoin Deisceart Domhanda?
- An bhfuil na tuairimí sin cothrom? An bhfuil siad cóir?
- Déan cur síos ar an íomhá d'Éirinn agus de mhuintir na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag daoine lasmuigh d'Éirinn. Cad iad na gnéithe dearfacha agus na gnéithe diúltacha den íomhá sin? An é sin an pictiúr iomlán?

(Tá nasc ag an gceist seo leis an gceacht roimhe seo agus leis an gcéad cheacht eile)

Creidiúint: Cuireadh an ceacht seo in oiriúint ó How the World Works, idiraonad a d'fhorbhair an Debt and Development Coalition, Ireland 2010.



Íomhánna agus Teachtaireachtaí (ar lean)



Obair Dhialainne

Scríobh síos i do dhialann do chuid tuairimí faoi rang an lae inniu.

Féadfaidh tú cuid de na plé-cheisteanna thuas a úsáid chun a áiteamh ar na mic léinn machnamh pearsanta a dhéanamh ar an rang

- Is iad na tuairimí atá agam faoin deisceart domhanda i gcoitinne ná...
- Is é is éifeacht do steiréitíopaí ná...



Láithreán gréasáin úsáideach

Déan cuardach ar 'The Africa you don't see on TV' ar www.youtube.com agus gheobhaidh tú roinnt torthaí spéisiúla.

Féach freisin Ideas for Using Photos i A good Practice Guide to Whole School Linking, l. 83-84, arna fhoilsiú ag MUNDI.

Breathnaigh ar shraith nasc le comhaid PDF a ceapadh do mhúinteoirí agus do mhic léinn Bhéarla an Teastais Shóisearaigh agus gach PDF a théann leis an gclár faisnéise ábhartha as an tsraith de chuid KMF Productions' 'What in the World?'

<http://kmfproductions.net/html/education.html>





An Domhan Ar Líne

NÓTA: Is gá rochtain ar an idirlíon le haghaidh na gníomhaíochta seo

Féach [I. 25](#) do thimpléadh le haghaidh taighde arlíne.

Céimeanna

1. Tabhair roinnt nuachtán Éireannach isteach sa rang agus roghnaigh na príomhscéalta sna nuachtáin sin an lá áirithe sin. Déan nóta díobh sin le gur féidir tagairt a dhéanamh dóibh níos déanaí.
2. Beidh na mic léinn ag obair i bpéirí le linn an t-idirlíon a úsáid.

Tabhair tír ar leith do ghach péire mac léinn, á chinntiú go bhfuil meascán tíortha de chuid an Tuaiscirt agus an Deiscirt ann e.g. an Chéinia, Uganda, na hOileáin Philipíneacha, Vítneam, an India, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ríocht Aontaithe etc. Ansin, iarr ar ghach péire úsáid a bhaint as an idirlíon chun a fháil amach cad é an príomhscéal sa tír sin inniu. Féach na láithreáin atá molta thíos.

3. Nuair atá nóta breactha síos ar ghach grúpa faoi na scéalta is ábhar nuachta ina dtír, tarraing an rang le chéile chun na scéalta éagsúla a nótáil at an gclár.

Plé – Cad atá tugtha faoi deara agat faoi na ceannlínte éagsúla? An mbaineann na scéalta móra le saincheistanna áitiúla nó le saincheistanna domhanda? An bhfuil aon scéalta comhchoiteanna ann i roinnt tíortha/nuachtán? An bhfuil difríochtaí ann maidir leis an tslí ina dtugtar tuairisc orthu?

4. Mar thasc leanúnach, d'fhéadfadh na mic léinn grianghraf nó íomhá as an nuachtán a roghnaigh siad a phriontáil, agus na nithe seo a leanas a rá faoi nó fúithi – Cad é ábhar an ghrianghraif? Cad iad na cúiseanna leis na nithe atá ag tarlú sa ghrianghraf? Cad iad na réitigh? Cá mhéad duine a ndéanann an tsaincheist sa ghrianghraf difear dóibh? An ndéantar difear dóibh ar bhonn áitiúil, ar bhonn náisiúnta nó ar bhonn domhanda? Conas a d'fhéadfadh an grianghraf seo difear a dhéanamh do dhaoine in Éirinn? Taispeáin na híomhánna seo ar fud an ranga.

Gníomhaíocht Obair Bhaile

Iarr ar na mic léinn rianú a dhéanamh le linn na chéad seachtaine eile ar mhéid agus ar chineál na dtuairiscí a dhéantar maidir le tír nó réigiún áirithe de chuid an Deiscirt i réimse nuachtán Éireannach. (Má tá tír chomhpháirtíochta agat, d'fhéadfadh sé gur mhaith an rud é tosú leis an tír sin.)





Láithreáin nuachtáin úsáideacha

Gheobhaidh na mic léinn na mílte nasc le nuachtáin ar fud an domhain ag www.onlinenewspapers.com. Dá mbeadh an méid sin oibre iomarcach dóibh, d'fhéadfá cuid de na láithreáin seo a leanas a mholadh:

<http://www.dailymirror.ph/> Nuachtán laethúil a fhoilsítear sna hOileáin Philipíneacha

<http://www.mindanaotimes.net/> Nuachtán laethúil a fhoilsítear sna hOileáin Philipíneacha

<http://www.nation.co.ke/> Nuachtán laethúil a fhoilsítear sa Chéinia

<http://www.standardmedia.co.ke/> Nuachtán laethúil a fhoilsítear sa Chéinia

<http://www.monitor.co.ug/> Nuachtán laethúil de chuid Uganda

<http://www.newvision.co.ug/> Nuachtán laethúil de chuid Uganda

<http://www.ghanaiian-chronicle.com/> Páipéar ar líne de chuid Ghána

www.ngrguardiannews.com/ Nuachtán de chuid na Nigéire

www.tribune.com.ng Nuachtán de chuid na Nigéire

<http://www.thezimbabwean.co.uk/> Nuachtán laethúil de chuid na Saimbia

<http://www.theindependent.co.zw/> Páipéar seachtainiúil a fhoilsítear sa tSiombáib

<http://vietnamnews.vnagency.com.vn> Nuachtán de chuid Vítneam

<http://timesofindia.indiatimes.com> Nuachtán de chuid na hIndia

www.telegraphindia.com Nuachtán de chuid na hIndia

<http://www.nytimes.com/> An nuachtán dar teideal an New York Times

<http://www.boston.com/bostonglobe/> Nuachtán laethúil a fhoilsítear i mBostún

<http://www.guardian.co.uk/> Nuachtán dar teideal an Guardian agus a fhoilsítear i Londain

Seo a leanas láithreáin úsáideacha eile le haghaidh nuachta agus tuairimí ón Deisceart Domhanda:

<http://pambazuka.org/en/>

<http://www.africatime.com/home.asp>

www.globalvoicesonline.org



Obair Dhialainne

Iarr ar na mic léinn na habairtí seo a leanas a chríochnú ina ndialainn:

- Is é an rud a bhí spéisiúil dom faoi bhreathnú ar nuachtáin éagsúla ná...
- ba ábhar iontais dom...
- Is é an príomhrud a d'fhoghlaim mé ná...

Creidiúint: Cuireadh an ghníomhaíocht seo in oiriúint ó How the World Works, idiraonad a d'fhorbair Debt and Development Coalition, Ireland, 2010.



Leathán Oibre do Thaighde Idirlín agus Meán

Láithreán Gréasáin/Nuachtán	Eagraíocht (más infheidhme e.g. Eagraíocht Neamhrialtasach (NGO), Eagraíocht Rialtasach, Náisiúin Aontaithe (UN)...)	Cad a deir an láithreán/t-alt faoi do thír chomhpháirtíochta? (5 phointe eolais)	An ardaíonn an láithreán/t-alt aon cheisteanna eile duit faoin tír seo?	An láithreán gréasáin/nuachtán iontaofa é seo? Cén fáth?
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				

Arna oiriúnú ó leathán oibre Trócaire





Cultúr – Cad is ciall leis?

Aidhm


- Cabhrú leis na mic léinn tuiscint a fháil go bhfoghlaímítear gach cultúr agus go bhfuil siad dinimiciúil seachas statach.

Cultúr

Is féidir cultúr a shainmhíniú mar shraith luachanna nó creideamh a chomhroinntear go comhchoiteann idir grúpa daoine, ar leibhéal pobail áitiúil nó ar leibhéal náisiúnta.

...áirítear ann rialacha an chluiche sóisialta. Conas atá tú ag súil go ngníomhóidh gach duine i gcomhthéacsanna sóisialta. Maidir le daoine a bhfuil an cultúr céanna acu, imríonn siad an cluiche sóisialta céanna de réir na rialacha céanna. Maidir le daoine ó chultúr éagsúla, imríonn siad de réir rialacha éagsúla. D'fhéadfadh míthuiscintí a bheith ann nuair a sháraítear rialacha.

- Scaip sainmhíniú ar “cultúr” agus iarr ar phéirí mac léinn plé a dhéanamh ar roinnt de na rialacha dá réir a imríonn Éireannaigh. Faigh aiseolas tapa air sin. Cé chomh héasca a bhí an cheist seo dóibh? Is dócha nach raibh sé éasca. Mínígh go mbíonn sé deacair cur síos a dhéanamh ar do chultúr féin mar go mbíonn tú chomh sáite sin ann gur minic nach bhfeiceann tú na nithe a fhágann go bhfuil sé sainiúil.
- Tarraing pictiúr de chnoc oighir ar an gclár/Úsáid an íomhá ar an gcéad leathanach eile chun míniú a thabhairt i dtaobh conas is féidir cultúr a chur i gcomparáid le cnoc oighir. Tá cuid den chnoc oighir atá infheicthe os cionn dhromchla an uisce ach tá cuid níos mó ná sin atá dofheicthe faoi bhun dhromchla an uisce agus, mar sin, tá cuid mhór gnéithe de chultúr atá soiléir ach tá gnéithe eile ann nach bhfuil chomh soiléir céanna. Tosaigh trí roinnt smaointe a mholadh agus, ansin, iarr ar na mic léinn leanúint leo.



Cultúr – Cad is ciall leis? (ar lean)

3. Agus iad ag obair i bpéirí fós, iarr ar na mic léinn a gcnoc oighir féin a tharraingt agus an oiread nithe a scríobh nó an oiread pictiúr a tharraingt air agus is féidir chun gnéithe de chuid chultúr na hÉireann, os cionn agus faoi bhun dhromchla an uisce, a thaispeáint. Tar éis dóibh iarracht a dhéanamh an tasc sin a chur i gcrích, roinn agus pléigh an t-aiseolas.
4. Scairt amach na ráitis seo a leanas agus iarr ar na mic léinn a rá an mbaineann siad le cultúr na hÉireann trí fhreagra dearfach nó trí fhreagra diúltach a thabhairt nó trí 'a bheag nó a mhór' a rá (nó is féidir an méid seo a dhéanamh mar dhíospóireacht siúil, féach [I. 42](#)):
 - Tugtar meas mór do dhaoine scothaosta
 - Déanann daoine óga a rogha rud
 - Tá ról chomhchosúla ag fir agus ag mná sa tsochaí
 - Tá cultúr an-reiligiúnach againn
 - Tá cultúr an-phiseogach againn
 - Is daoine díreacha sinn agus deirimid go díreach na nithe atá inár gceann nó na nithe a mhothaímid
 - Tá an teaghlach an-tábhachtach
 - Tá tábhacht leis an gcuma atá ar dhuine
 - Tá tábhacht le talamh
 - Glactar le halcól go forleathan
 - Pógaimid a chéile an t-am ar fad agus is daoine an-taispeáimntach iad na hÉireannaigh
 - Tá tábhacht mhór le hómós a thabhairt don am atá caite agus dár sinsir.

Ag éirí as na gníomhaíochtaí seo, pléigh na nithe seo a leanas leis na mic léinn:

- An dóigh leat go dtabharfadh daoine i do thír chomhpháirtíochta freagra eile ar na ceisteanna céanna seo?
- Conas a fhoghlaimíonn leanaí conas iad féin a iompar laistigh de chultúr áirithe?
- An bhfuil difríochtaí cultúir ann fiú amháin laistigh de chodanna éagsúla d'Éirinn?
- Cad a tharlaíonn nuair a fhéachann daoine ó chultúir éagsúla ar an staid chéanna ar bhealaí éagsúla?
- An raibh taithí agat riamh ar chultúr neamhaithid? Cén uair? Cad a bhí i gceist?

(Cuireadh an ceacht seo in oiriúint ó A Good Practice Guide to Whole School Linking, ó Ionad Oideachais Dhomhanda MUNDI, I. 21).



Siombailí Chultúir

Smaoineamh: Déan an ghníomhaíocht seo roimh chuartheanna mhúinteoir WorldWise agus malartaigh na freagraí le do scoil chomhpháirtíochta.

1. Ní mór do na mic léinn a shamhlú go bhfuil tír ann nach bhfuil aon eolas ag na daoine inti faoi Éirinn agus ní mór dóibh a chinneadh cad a chuirfidh siad chuig na daoine sin mar léiriú ar chultúr na hÉireann.
2. I ngrúpaí beaga, ní mór dóibh liosta 15 ní a thiomsú, ar nithe iad a sheolfaidís i mbosca. Tar éis thart ar 5 nóiméad, iarr ar gach grúpa a rá cad atá liostaithe acu. Tóg aiseolas ó gach grúpa.
3. Iarr ar na grúpaí féachaint ar a gcuid liostaí arís agus aon ní a bhfuil cuma na turasóireachta air a nótaíl (e.g. leipreacháin, cláirseacha, tithe ceann tuí – cuir i gcuimhne dóibh an ghníomhaíocht a rinne siad faoi steiréitíopaí – féach 1.21). Iarr ar gach grúpa a liosta a choigeartú, más gá sin, go dtí go bhfuil siad sásta go léiríonn sé Éire agus cultúr na hÉireann sa lá atá inniu ann.
4. Ag deireadh an cheachta seo, iarr ar na mic léinn a dtuairim a thabhairt faoi conas a d'fhéadfadh an ceacht seo baint a bheith aige le cultúir eile agus lena dtír chomhpháirtíochta.
5. Cén fáth nach seolfaí mionsonraí faoi do shiombail chultúr chun do scoil chomhpháirtíochta agus iarraidh orthusan liosta a chur chugaibh a léiríonn a gcultúr.



Obair Dhialainne

Ag deireadh an ranga, iarr ar na mic léinn úsáid a bhaint as a ndialanna chun rud éigin a scríobh faoi thaitní ar chultúr neamhathnoid agus faoi cad a cheap siad faoi sin.

Cuir deireadh leis an gceacht ansin trína iarraidh orthu na habairtí seo a leanas a chríochnú ina ndialanna:

- Is é an príomhrud a d'fhoghlaim mé inniu ná...
- Thuig mé...



Léim Ar Aghaidh:

gníomhaíochtaí comhpháirtíochta i gCuid 3 (l. 55)

Cad a chiallaíonn sé a bheith Éireannach?

- Is Giúdach do Chríost
- Tá do pizza lodálach
- Téann tú ar saoire sa Tuirc
- Tá do scríbhneoireacht Laidineach
- Deir tú gurb Éireannach tú
- Tá gluaisteán Seapánach agat
- Tá do chaife Brasaíleach
- Tá do chóras uimhrithe Arabach
- Tá Béarla mar theanga agat

Bunaithe ar ghraifítí a fuarthas ar chlár fógraí .

(Foinse: Partners Intercultural Companion to Training for Transformation, Dublin 2007, l. 37)





Obair mhiontionscadail faoi thír chomhpháirtíochta

Nóta: Chun freagra a thabhairt ar chuid de na ceisteanna a bheidh ag do chuid mac léinn, beidh gá le teagmháil le do scoil chomhpháirtíochta, seachas freagraí a lorg ar an idirlíon.

Aidhmeanna

- Deis a thabhairt do na mic léinn chun roinnt ceisteanna/saincheisteanna a imscrúdú a bhaineann lena dtír chomhpháirtíochta
 - Scileanna na mac léinn a fhorbairt i ndáil le taighde a dhéanamh, le faisnéis a phróiseáil agus le faisnéis a chur i láthair.
1. Inis do na mic léinn go gcaithfidh siad taighde a dhéanamh agus miontionscadal a chur i láthair faoi thopaic nó ábhar spéise a bhaineann lena dtír chomhpháirtíochta. Beidh siad ag obair i ngrúpaí.
 2. Scaip an leathán a bhaineann le togra don tionscadal agus iarr ar gach mac léinn é a chomhlánú.
 3. Bailigh na leatháin sin agus cuir i ngrúpaí iad de réir topaicí nó ábhar spéise.
 4. Is féidir iad sin a úsáid chun grúpaí beaga 3-4 a dhéanamh agus beidh ábhair spéise chomhchoiteanna/ceisteanna comhchoiteanna áirithe ag baint le gach grúpa.

5. Iarr ar na mic léinn sna grúpaí éagsúla a chomhaontú conas atá siad chun oibriú le chéile, cé a dhéanfaidh na tascanna éagsúla agus cad iad a spriocamanna. Seo a leanas roinnt ceisteanna a bhféadfaidís breithniú a dhéanamh orthu ag an gcéim seo:
 - Cad iad na príomhcheisteanna ar mian linn freagra a fháil orthu? I bhfocail eile, cad atáimid ag iarraidh a fháil amach?
 - Ní mór dóibh a chinneadh (a) cé a dhéanfaidh na tascanna éagsúla? (b) cá bhfaighimid an fhaisnéis? (e.g. láithreáin ghréasáin Idirlín, CD ROM-anna, ríomhphost, leabharlann, teagmhálacha pearsanta) (c) cad iad na spriocamanna atá againn?
 - Déanfaidh gach duine taighde faoi cheist áirithe, agus le linn dóibh bheith ag déanamh amhlaidh, beifear ag faire amach d'fhaisnéis a bheadh oiriúnach do dhaoine eile den ghrúpa
 - Nuair atá na himscrúduithe críochnaithe ag na grúpaí, socraítear dáta chun gach tionscadal ar leith a chur i láthair. Tugtar 3 nóiméad do ghach grúpa cur i láthair a dhéanamh os comhair an chuid eile den rang.

Obair mhiontionscadail faoi thír chomhpháirtíochta (ar lean)



Na hacmhainní atá ag teastáil (CD)

- Leathán oibre an togra don tionscadal (l. 31)
- Piara-mheasúnú ar thionscadail – leatháin oibre (l. 32)

Féach ar “[Why do white people have black spots?](#)” San fhíseán gairid seo (6 nóim) taispeántar daoine óga as Gána agus ceisteanna á gcur acu ar ceisteanna iad ba mhaith leo a chur faoin saol i dtíortha níos saibhre.



Láithreáin Ghréasáin úsáideacha

Próifílí tíre agus faisnéis

http://news.bbc.co.uk/2/hi/country_profiles/default.stm

Tugann láithreán gréasáin an BBC próifílí sármhaithe tíre

<https://www.cia.gov/library/publications/the-world-factbook/index.html>

Tugann an láithreán seo figiúirí daonra agus OTN (Olltáirgeacht Náisiúnta) do gach tír

www.alertnet.org

Ar láithreán AlertNet de chuid fhondúireacht Reuters, áirítear roinn phróifílí tíre ina dtugtar faisnéis bhunúsach faoi thíortha agus naisc le hait nuachtáin a foilsíodh le déanaí

www.wikipedia.org

úsáid an tsaoráid chuardaigh chun faisnéis a fháil faoi thíortha éagsúla

Láithreáin a sholáthraíonn léarscáileanna le haghaidh réigiún den domhan

www.worldmapper.org

Tá rogha mhór léarscáileanna ar fáil ar an láithreán seo, ar léarscáileanna iad a bhaineann le gach topaic ar domhan – daonra, dáileadh an tsaibhris, oideachas, sláinte, etc

www.lonelyplanet.com

Léarscáileanna Google ar <http://maps.google.com>



Leathán thogra do mhíonthionscadal

Mo thogra do thionscadal

Is é an topaic ar mhaith liom tionscadal a dhéanamh air ná...

Is iad seo a leanas na cúiseanna atá agam leis an topaic seo a roghnú...

Tá mé ag tnúth leis na rudaí seo a leanas a fháil amach...

Ainm:



Piara-Mheasúnú ar an mionscandal

Lena úsáid ag na mic léinn fad atá siad ag éisteacht le cur i láthair na mac léinn eile

Topaic

Curtha i láthair ag

Ba iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí a cuireadh i láthair...

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

Ba é a bhí sa chuid ba spéisiúla den tionscadal nó den chur i láthair ná... (agus abair cén fáth)

.....
.....
.....

Rud amháin a d'fhoghlaim mé...

.....
.....
.....

Ceist atá agam fós...

.....
.....

Arna mheasúnú ag: Rang:



Machnamh a dhéanamh ar Chuid 1 - Ceisteanna don Obair Dhialainne

Tá deireadh an chéad chuid den idiraonad seo sroichte agat anois. Is am tráthúil é seo chun a iarraidh ar na mic léinn machnamh a dhéanamh ar cad atá foghlamtha acu agus, go háirithe, smaoineamh a dhéanamh ar na scileanna atá forbartha acu.

Seo a leanas abairtí a bhféadfaí úsáid a bhaint astu:

- Is é an ní ba mhó a thaitin liom faoi na gníomhaíochtaí ba dhéanaí ná...
- Rud a bhí deacair ná...
- Rud tábhachtach amháin a d'fhoghlaim mé ná...
- Tá athrú tagtha ar mo thuairim faoi...
- Is iad na scileanna atá á bhforbairt agam ná...
- Rud atá foghlamtha agam fúm féin is ea...

Athbhreithniú ar mo rannpháirtíocht sa rang – Seicliosta an Mhic Léinn

- Roinn mé mo chuid smaointe ...
- D'éist mé go maith agus léirigh mé meas ar thuairimí daoine eile...
- Bhí mé toilteanach m'aigne a athrú...
- Chuir mé ceisteanna criticiúla...
- Rinne mé iarracht féachaint ar nithe ó pheirseíocht éagsúil...
- Bhí mé oscailte maidir le hathrú...
- Chabhraigh mé le daoine eile den rang chun nithe a fhoghlaim...
- Rinne mé rannpháirtíocht mhaith nuair a bhí obair á déanamh againn i ngrúpaí...
- Rud amháin a dhéanaim go maith ná...
- Rud amháin ba mhaith liom a fheabsú ná...



Sa chuid seo den Aonad tugtar réimse gníomhaíochtaí chun plé agus machnamh i dtaca le héagothroimí Thuaidh/Theas, agus i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le forbairt, a éascú.

Cé nach bhfuil an t-idiraonad seo ceaptha chun scrúdú a dhéanamh ar gach ceann de na saincheisteanna seo, fágann sé spás chun déileáil go mion le cuid de na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar chomhpháirtíochtaí Thuaidh/Theas agus ar saincheisteanna iad a bhfuil an bhaint is mó acu le mic léinn i scoileanna in Éirinn agus i scoileanna comhpháirtíochta araon. Is é an aidhm atá is mó leis ná cabhrú le mic léinn tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs ina mbíonn comhpháirtíochtaí foghlama Thuaidh/Theas ann, á aithint gur domhan an-éagóthrom an domhan mór ina mairimid, agus á chumasú do na mic léinn na bunchúiseanna leis na héagothroimí atá ann i ngach sochaí a aithint.

Spreagfar na mic léinn chun breathnú ar na struchtúir is cúis le bochtaine agus le héagóir, ag tuiscint nach staideanna nádúrtha na staideanna sin ach gur fadhbanna de dhéantús an duine iad agus gur féidir aghaidh a thabhairt orthu





Dá mba shráidbhaile an domhan

Aidhmeanna

- Léiriú a thabhairt ar cé chomh héagothrom atá dáileadh acmhainní an domhain.
 - Taithí a thabhairt do na mic léinn ar éagothroime trí úsáid a bhaint as ceacht ionsamhlúcháin.
- Úsáid cairtchlár chun 6 limistéar a mharcáil sa seomra agus is ionann gach limistéar díobh agus ceann amháin de na limistéir gheoghráfacha seo a leanas: an Eoraip, Meiriceá Thuaidh, Meiriceá Láir agus Laidineach, an Áise, an Aigéine, agus an Afraic.
 - Mínigh don rang gurb ionann iad agus daonra an domhain. Ní mór dóibh a thomhas anois cé mhéad duine ba cheart a bheith ina seasamh ar gach ceann ar leith de na limistéir agus iad féin a roinnt dá réir sin.
 - Nuair a bheidh na mic léinn socraithe ina n-ionaid, taispeáin dóibh fíor-mhiondealú an daonra de réir réigiúin agus cabhraigh leo iad féin a atheagrú de réir fíor-mhiondealú an daonra.

60% san Áise	12% san Eoraip
14% san Afraic	5% i Meiriceá Thuaidh
8% i Meiriceá Láir/Laidineach	1% san Aigéine

- I rang ina bhfuil 20 mac léinn, d'fhéadfadh an miondealú a bheith mar a leanas, go garbh: 12 as an Áise, 3 as an Afraic, 2 as an Eoraip, 1 as Meiriceá Thuaidh, 2 as Meiriceá Láir/Laidineach. Mínigh nach bhfuil ach 1% de dhaonra an domhain ina gcónaí sa Aigéine (an Astráil, an Nua-Shéalainn, etc.)
- Ansin, taispeáin 20 barra seacláide don rang agus mínigh gurb ionann iad agus an bia ar fad sa domhan. Iarr ar gach grúpa ar leith a thomhas cá mhéad barra ba cheart a bheith ag a ngrúpaí/réigiúin agus scríobh na freagraí ar an gclár. (In ionad seacláide, is féidir úsáid a bhaint as ciste milis agus é a ghearradh ina phíosáí sa rang, sin nó bananaí nó builín aráin slisnithe a úsáid!)
- Tar éis deis a bheith ag gach grúpa freagra a thabhairt, roinn an 20 barra seacláide mar a leanas:¹

An Áise – 5 bharrá seacláide

An Afraic – 2½ bharrá seacláide

Meiriceá Láir/Laidineach – 2 ½ bharrá seacláide

An Eoraip – 5 bharrá seacláide

Meiriceá Thuaidh – 5 bharrá seacláide

¹ Níl na figiúirí seo cruinn go h-iomlán ach tá siad á thabhairt anseo le garbh léiriú ar thomhaltas bia an domhan agus go dtuigfidh na mic léinn go bhfuil an leibhéal is mó tomhaltas bia in aghaidh an duine suite go príomha sa Tuaisceart Domhanda (Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, an Eoraip, an Astráil) ach go bhfaightear roinnt tíortha den sórt seo sa Deisceart freisin (An Airgintín, Meicsiceo, an Chasacstáin etc) Tá na tíortha ina bhfuil an leibhéal is lú tomhaltas bia suite go príomha san Áise agus san Afraic – an India, an Afganastáin, an Bhurúin, an tSúdáin, an Aetóip, Angóla, etc. D'fhéadfadh sé gurb ábhar iontais do mhic léinn a fháil amach gurb í an Áise an Mhór-Roinn a bhfuil an tionchar is mó ag ocras uirthi, i dtéarmaí an líon iarbhir daoine ocracha. San India amháin, maireann 200 milliún duine faoi ocras – is ionann sin agus 1 as 4. Maidir le leanaí an domhain faoi bhun 5 bliana d'aois atá ró-éadrom, is san India atá 40% díobh.



Dá mba shráidbhaile an domhan (ar lean)

Pléigh

- An gcuireann sé seo iontas ort?
- Conas a mhothaíonn tú faoin sciar den bhia atá agat?
- Dá ndéanfaí na barraí a roinnt go cothrom, an mbeadh gach duine sásta?
- Cad atá foghlamtha againn ón ngníomhaíocht seo?

Críoch a chur leis an rang

Is féidir leis na mic léinn an fhaisnéis seo a leanas a léamh – nó, mar mhalairt air sin, is féidir leat na staitisticí a úsáid chun quiz gairid a reáchtáil nó díospóireacht siúil a eagrú, á iarraidh ar na mic léinn tomhas a dhéanamh maidir leis na huimhreacha a fhreagraíonn do gach catagóir - agus ansin iarr orthu an méid seo a leanas a scríobh síos ina ndialanna, féach [I. 42](#).

Dá ndéanfaí daonra an domhan a laghdú go méid sráidbhaile ina bhfuil 100 duine,

- bheadh níos lú na \$2 in aghaidh an lae ag 53 duine
- bheadh 80 duine ina gcónaí i ndroch-thithíocht
- ní bheadh 18 nduine in ann léamh ná scríobh (tar éis meánuimhir a ríomh ó 13 fireannach neamhliteartha / 23 baineanach neamhliteartha)
- ní bheadh cothú maith ag 50 duine
- bheadh saoráidí neamhdhóthanacha sláintíochta ag 63 duine
- ní bheadh leictreachas ag 24 duine
- bheadh céim ollscoile ag 1 duine
- bheadh 16 duine ar líne.



Obair Dhialainne

Iarr ar na mic léinn na habairtí seo a leanas a chríochnú ina ndialanna:

- Mar thoradh ar an gceacht seo, mothaím ...
- Ceapaim anois...
- Ní tábhachtach amháin atá foghlamtha agam ná...
- Is é an príomhrud a fhanfaidh liom de bharr rang an lae inniu ná...

Réamhobair - An liosta tíortha

1. Ullmhaigh sraith cártaí agus ainm tíre éagsúla ar gach ceann acu. Tabhair ceann amháin do ghach mac léinn ar leith agus mínigh go gcaithfidh siad iarracht a dhéanamh seasamh i líne, go tostach, in ord a fhreagraíonn do cé chomh forbartha atá na tíortha atá luaite ar na cártaí. Dá bhrí sin, beidh an tír is mó forbairt ar bharr na líne agus beidh an tír is lú forbairt ag deireadh na líne (féach an Human Development Index, HDI, chun liosta tíortha a fháil: <http://hdr.undp.org/en/statistics/>)
2. Nuair atá an líne déanta acu, faigh aiseolas faoi na cineálacha rudaí ar bhunaigh siad a gcinntí orthu, faoi cad a cheapann siad is brí leis an téarma 'forbairt' agus faoi cén fáth a cheapann siad go bhfuil tíortha ag 'leibhéil' éagsúla forbartha.
3. Bheadh sé úsáideach dá ndéarfá nach mbíonn an saibhreas céanna, na deiseanna céanna etc. ag gach duine in aon tír áirithe; go bhfuil éagothroime ann ina lán tíortha agus go bhfuil bochtaine ann fiú amháin sna tíortha 'is mó forbairt'.
4. Má tá rochtain agat ar an idirlíon agus ar thionscadal sonraí is féidir rochtain a fháil ar www.worldmapper.com chun féachaint ar roinnt léarscáileanna spéisiúla den domhan ar a dtaispeántar áiteanna ina bhfuil bochtaine, cogáí, astaíochtaí carbóin, HIV/AIDS, ionchas saoilré, litearthach i measc daoine óga agus cuid mhór nithe eile.

Obair bhaile

Ag éirí as an méid sin, d'fhéadfá a iarraidh ar na mic léinn faisnéis a fháil faoina dtír chomhpháirtíochta trí úsáid a bhaint as ceann de na láithreáin ghréasáin a liostaítear thíos. Is féidir leo táscairí a aimsiú le haghaidh nithe amhail OTN (Olltáirgeacht Náisiúnta), rochtain ar oideachas, rannpháirtíocht san oideachas, rochtain ar uisce glan, an leibhéal comhionannais inscne (ina rangáítear a lán tíortha forbartha ag leibhéal i bhfad níos ísle), an líon úsáideoirí idirlín etc. An bhfuil gnéithe tábhachtacha de chuid sochaithe nach ndéantar iad a thomhas sna liostálacha maidir le forbairt?

Curtha in oiriúint ó Games & Activities to Encourage Thinking about the Global Dimension, Helen Gosnell, 2007.



Láithreáin ghréasáin úsáideacha

- Ar láithreán gréasáin UNICEF foilsítear tuarascáil bhliantúil 'The State of the World's Children'. Téigh chuig an 2 leathanach deiridh agus gheobhaidh tú Tábla an-úsáideach ina dtaispeántar conas atá an dul chun cinn i dtíortha éagsúla maidir le bunriachtanais a sholáthar. <http://www.unicef.org/sowc09/docs/SOWC09-FullReport-EN.pdf>
- An Institiúid Idirnáisiúnta maidir le Beartas Bia (International Food Policy Institute) <http://www.ifpri.org/>

Ar an láithreán seo faightear a lán faisnéise spéisiúla faoi thomhaltas domhanda bia chomh maith leis an Innéacs Ocras Dhomhanda (Global Hunger Index) ina rangáítear 119 tír Dheisceartacha, ag tosú leis an gceann is lú ocras agus ag críochnú leis an mBurúin a rangáítear mar an tír is mó ocras. <http://www.ifpri.org/publication/2009-global-hunger-index>

80:20 Ireland in an Unequal World, Tá Caibidil 1 úsáideach freisin, go háirithe l. 26






Céard í Forbairt?

Aidhm

- Plé criticiúil a dhéanamh ar thuairimí éagsúla faoi 'forbairt' agus cabhrú leis na mic léinn machnamh criticiúil a dhéanamh a gcuid tuairimí féin faoi fhorbairt.
- Eagraigh na mc léinn ina ngrúpaí beaga agus ról-chartaí ann do ghach mac léinn (mar an gcéanna le l. 4).
 - I ngrúpaí, déanann na mic léinn breithniú ar na sainmhínithe éagsúla ar fhorbairt atá tugtha dóibh ar chártaí (féach l. 40). Léann siad agus pléann siad na ráitis le chéile, agus ansin, i gcomhpháirt lena chéile, déanann siad cinneadh faoi conas a dhéanfaidh siad diamant-rangú orthu. Ciallaíonn sé sin nach mór do gach ghrúpa comhaontú ar aon ráiteas tosaíochta amháin, agus dhá dhara ráiteas tosaíochta in dhiaidh sin. I lár an diamaint, ba cheart go bhfaighfí na ráitis lena ngabhann tábhacht chomhionann ach nach bhfuil chomh tábhachtach céanna leis na cinn atá os a gcionn. Ba cheart go mbeadh an ráiteas is lú tábhacht ag bun an diamaint.
- Iarr orthu an ceacht a dhéanamh agus Éire i gceist acu ar dtús. Ansin, is féidir leo an Diamant a atógáil agus a dtír chomhpháirtíochta i gceist acu.



Céard í Forbairt?

3. Nuair atá a ndiamant críochnaithe ag gach grúpa, déan comparáid idir na ráitis a cuireadh ar bharr an diamaint agus na cinn a cuireadh ag an mbun i gcás na ngrúpaí go léir agus déan breithniú ar na cúiseanna a bhí acu le déanamh amhlaidh.
4. Agus iad ina ngrúpaí beaga fós, ba cheart go dtiocfaidís go léir ar a sainmhíniú féin ar 'Forbairt', ar sainmhíniú é a bhfuil comhaontú forleathan ann ina leith.
5. Cuir na sainmhínithe sin in áiteanna éagsúla ar fud an tseomra ar pháipéar smeach-chairte.
6. Pléigh na ceisteanna seo a leanas (mar mhalairt air sin, is féidir na ceisteanna seo a fhágáil faoi gach duine ar leithligh mar obair bhaile)
 - Cé nach n-aontódh le do shainmhíniú ar fhorbairt?
 - An gceapann tú go bhfuil do thír 'forbartha'? Cad iad na critéir atá agat chun forbairt a mheasúnú? Cad as a dtagann na critéir sin?
 - Cad iad na paraiméadair nó na critéir le haghaidh forbartha (nó le haghaidh gnóthachtála nó gradaim) i do phobalsa?
 - Conas a fhéachann do phobalsa air féin i gcomparáid le pobail eile? Dar leat, conas a fhéachann pobail eile ar do phobalsa agus cén fáth?
 - Dar leat, conas a rannchuidíonn tú (nó nach rannchuidíonn tú) le forbairt do thíre agus do phobail? Cé a leag síos na critéir maidir leis an rannchuidiú sin? An bhfuil aon ghrúpaí ann a mbeadh deacrachtaí acu maidir leis na critéir sin a chomhlíonadh?

Curtha in oiriúnt ó Through Other Eyes –Dr. Vanessa Andreotti and Prof. Lynn Mario de Souza.



Resources needed (CD)

Bealach eile chun scrúdú a dhéanamh ar bhraistintí éagsúla agus ar shainmhínithe eile ar fhorbairt is ea úsáid a bhaint as íomhánna.

Féach "[Cartoons \(Linking&Learning\).pdf](#)" do shamplaí.

D'fhéadfá sraith íomhánna a thaispeáint a gheofar ón láithreán gréasáin <http://www.developmenteducation.ie/cartoons-and-photos/cartoons/?category=38> agus a iarraidh ar na mic léinn an íomhá a roghnú is fearr a léiríonn an tsaincheist a bhaineann le cad is brí le forbairt.

Mar obair bhaile, is féidir leis na mic léinn íomhánna a aimsiú ar an idirlíon, ó irisí agus ó nuachtáin agus is féidir leo colláis a chruthú nó cur i láthair PowerPoint a ullmhú dar teideal 'Forbairt'.



Obair Dhialainne

Agus machnamh á dhéanamh agat ar an Diamant a chruthaigh tú inniu, smaoinigh ar na nithe seo a leanas:

- An rud mianaidhme é do dhiamant (i.e. mar ba mhaith leat go mbeadh sé) nó an léiríonn sé an réaltacht?
- Scríobh dán gairid nó tarraing íomhá chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar mhaith leat féin an fhorbairt a fheiceáil.



An Cluiche Trádála

http://learn.christianaid.org.uk/YouthLeaderResources/trading_game.aspx



Sainmhínithe forbartha

Gearr amach na sainmhínithe seo ar fhorbairt agus greamaigh de cártaí iad agus tabhair sraith amháin cártaí do ghach grúpa beag

2. Baineann forbairt le déileáil le dúshlán na héagóra agus baineann sí le domhan níos cothroime a chruthú ina bhfuil meas ar chearta gach uile dhuine.

4. Ba cheart go gcumasódh an fhorbairt do dhaoine tionchar a bheith acu ar chinntí agus a bheith in ann a bheith i bhfeighil a saolta féin.

6. Baineann forbairt le haire a thabhairt don timpeallacht agus leis an timpeallacht a chosaint do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

8. Baineann forbairt le daoine ag maireachtáil gan imní cogaidh leatroid.

1. Baineann forbairt le córas iompair agus cumarsáide nua-aimseartha a bheith ann, amhail mótarbhealaí agus teicneolaíochtaí ríomhaire.

3. Is ionann forbairt agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach uile dhuine ar oideachas agus ar chúram sláinte agus go ndéantar freastal ar a mbunriachtanais.

5. Baineann forbairt le dóthain a bheith ag gach duine agus le maireachtáil gan aon rud a chur amú.

7. Baineann forbairt le tuarastail níos airde a bheith ag daoine agus leis an gcumas chun a rogha rud a cheannach.

9. Baineann forbairt le geilleagar fásmhar agus lánfhostaíocht a bheith ann.

Curtha in oiriúint ó Global Dimensions: A Guide to Good Practice in Development Education and Intercultural Education for Teacher Educators - the DICE Project.



Nótaí Tagartha do Mhúinteoirí Barúlacha Príomhshrutha faoi Fhorbairt - Forléargas

Is coincheap conspóideach é an fhorbairt. Tá sé nasctha le próiseas an díchoilínithe agus le deireadh Chogadh Domhanda II aron, tráth a ndéantaí tíortha a aicmiú de réir a gcomhghuaillíochtaí polaitiúla/idé-eolaíocha: An Chéad Domhan (caipitlíoch), An Dara Domhan (cumannach) agus An Tríú Domhan (náisiúin neamhcheangailte). Dá bhrí sin, is ionann barúil na forbartha i gcónaí agus a rá go bhfuil gaolmhaireacht ann le tíortha eile agus go bhfuil smaointe ann faoi cén chuma ba cheart a bheith ar shochaithe idéalacha.

Is iad na nithe a chuirtear i gcuimhne do dhuine i gcoitinne nuair a smaoinítear ar thír níos forbartha ná náisiúin tionsclaíocha shaibhre, saibhreas ábharthach, teicneolaíocht, nua-aoiseacht, daonlathas, eolas eolaíochta, sibhialtacht agus oideachas. Tá an íomhá sin bunaithe, áfach, ar chomparáid a dhéantar le náisiúin eile agus lena bpobail, ar náisiúin agus pobail iad a meastar ina leith go bhfuil siad 'iargúlta', nach bhfuil aon chuid de na saintréithe réamhráite ag baint leo agus a bhfuil gá acu le cúnamh chun breith ar na tíortha forbartha. Ach cé a dhéanann sainmhíniú ar na paraiméadair sin, in ainm cén duine a dhéantar amhlaidh agus cé na daoine a thairbhíonn as?

Tá an coincheap sin maidir le forbairt á cheistiú le tamall de bhlianta anuas agus tá sé á cheistiú ar bhonn peirspictíochtaí éagsúla. Féachann roinnt tráchtairí ar an bhforbairt mar a bheadh impiriúlachas eolais ann, an choilíneacht ar leanúint, rud a fhorchuireann 'nua-aoiseacht' ar an domhan nach bhfuil ag teastáil uaidh i ndáiríre. Féachann daoine eile ar an bhforbairt mar ní a rachaidh chun tairbhe go príomha do gheilleagair tíortha 'forbartha' agus a chruthóidh tuilleadh éagothromí fós mar gur minic a théann sruth an eolais agus na cumhachta in aon treo amháin sa 'tionscal forbartha'.

Tá iarracht déanta ag roinnt grúpaí chun barúil na forbartha a athmhúnlú agus na costais timpeallachta a ghabhann le tionsclaíocht á gcur san áireamh acu agus tá argóint déanta acu i bhfabhar 'forbairt inbhuanaithe'. Deir daoine eile nach mbeidh múnla eacnamaíoch caipitlíoch inbhuanaithe riamh agus, dá bhrí sin, gurb é atá uainn ná 'cúngú inbhuanaithe' (seachas forbairt)... agus níl deireadh leis an bplé.

Creidiúint: Through Other Eyes www.throughothereyes.org.uk

Acmhainní úsáideacha chun múineadh a dhéanamh i ndáil le Forbairt

What is Development? Arna fhoilsiú ag TIDE (Áirítear anseo paca úsáideach grianghraf chun scrúdú a dhéanamh ar choincheapa agus ar íomhánna éagsúla a bhaineann le forbairt).

80:20 Development in an Unequal World, 5th Edition, arna fhoilsiú ag 80:20 Educating and Acting for a Better World, 2006.





Cén fáth, mar sin, an bhfuil bochtaine ann i ndomhan na flúirse?

Aidhmeanna

- Na mic léinn a spreagadh chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar na cúiseanna agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le bochtaine – ar bhonn áitiúil agus ar bhonn domhanda araon.

Gníomhaíocht 1 - Is é atá i mbochtaine ná...?

Ar dtús, cuir roinnt de na gníomhaíochtaí roimhe seo as ceacht 1 i gcuimhne do na mic léinn, a dhéin iniúcadh ar éagothroidim domhanda, amhail “*dá mba shráidbhaile an domhan*”.

1. Tosaigh trí ‘Is é atá i mbochtaine ...’ a scríobh ar an gclár agus iarr ar na mic léinn tobsmaointeoireacht a dhéanamh chun teacht ar an oiread focal nó abairtí agus is féidir a chuireann síos ar bhochtaine. D’fhéadfadh sé go mbeidh ort a chur i gcuimhne dóibh go bhfuil níos mó i gceist le bochtaine níos mó i gceist le bochtaine ná easpa airgid ar dhaoine.
2. Cruthaigh spás sa seomra ranga nó téigh go dtí spás eile ina mbeidh na mic léinn in ann bogadh thart le haghaidh Díospóireachta Siúil. Beidh dhá chomhartha ag teastáil uait, ‘AONTAÍM’ agus ‘NÍ AONTAÍM’, agus iad a bheith ar taispeáint os comhair a chéile ar thaoibh an tseomra ranga nó an halla.
3. Seas i lár an tseomra in éineacht leis na mic léinn. Míniú nach mór dóibh aontú nó a mhalairt nuair a chloiseann siad ráiteas a léifear amach dóibh agus nach mór dóibh dul chuig an gcomhartha ábhartha. Má tá siad éiginnte is ceart dóibh fanacht i lár an tseomra.

4. Cuir tús leis an ngníomhaíocht trí ráiteas éadrom a léamh amach ar ráiteas é a dtabharfaidh na mic léinn go léir freagra air.
5. Míniú gurb é is cuspóir don chluiche ná plé a spreagadh agus go bhfuil tábhacht le seasamh gach uile dhuine. Tá sé tábhachtach go mbeidh na mic léinn in ann a n-intinn a athrú le linn an phlé. tar éis gach ráiteas ar leith a phlé, téann gach duine ar ais chuig lár an tseomra agus léitear ráiteas eile.

Ráitis

- Má tá tú bocht níl dóthain airgid agat chun bia folláin a ithe
- Ní fhaightear fíor-bhochtaine ach amháin sna tíortha is boichte
- Má tá tú bocht níl na roghanna céanna agat atá ag daoine eile
- Níor cheart go mbeadh súil ag daoine atá bocht go mbeidh siad in ann dul chuig an dioscó nó chuig an bpictiúrlann nó go mbeidh siad in ann nithe eile den sórt sin a dhéanamh
- Tuilleann daoine atá deisiúil gach rud atá acu mar go n-oibríonn siad go dian chun na rudaí sin a fháil
- Ní bhíonn an oiread céanna tionchair ag daoine atá bocht agus atá ag daoine saibhre
- Ba cheart go mbeadh daoine bochta sásta leis na rudaí a thugtar dóibh.

Curtha in oiriúint ó Counted Out, l. 34-35, arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine.




Cén fáth, mar sin, an bhfuil bochtaine ann i ndomhan na flúirse? (ar lean)

Sa phlé a leanann as an ngníomhaíocht seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé cuiditheach na mic léinn a chur ar an eolas faoi choincheapa na bochtaine iomlánaí agus na bochtaine coibhneasta. Is é an sainmhíniú atá ag an mBanc Domhanda ar 'bochtaine iomlánach' ná ioncam níos lú ná \$1 sa lá, nó rochtain ar acmhainní níos lú ná \$1 sa lá, a bheith ag duine. (Baineann sé sin le 20% de dhaonra an domhain). Maidir le bochtaine choibhneasta, déantar tomhas leis ar na leibhéil bochtaine laistigh de thír áirithe. Sa chás seo, tuigtear le bochtaine gurb é atá ann ná an méid criticiúil íosta atá ag teastáil chun go mbeidh gnáthshaol cuibhiúil ag duine sa tsochaí. Dá bhrí sin, cé go measfar gur gnáthrud é i gcuid amháin den domhan gan leictreachas a bheith ag duine, ba chomhartha bochtaine é i gcuid eile den domhan.

Is fiú tagairt a dhéanamh freisin d'éagothromaíocht saibhris laistigh de thíortha. Níl sa Bhrasaíl (tá smacht ag na daoine is saibhre, 10% den daonra, ar 46% de shaibhreas na tíre ach faigheann na daoine is boichte, 10% den daonra, níos lú ná 1% den saibhreas sin) agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá (tá 45.6% den saibhreas ag na daoine is saibhre, 20% den daonra, ach tá 5.4% den saibhreas sin ag na daoine is boichte, 20% den daonra níl ansan ach dhá shampla. Féach an Tábla thíos ina dtaispeántar ioncain an 10% is saibhre i gcomparáid leis an méianioncam i ngach tír sa tábla e.g. i Meicsiceo, tá 26 oiread an mheánioncain ag na daoine is saibhre, is é sin, ag 10% den daonra.

An bearna idir saibhir agus daibhir 2005



Average incomes of richest 10% multiple of average incomes of poorest 10%.
Source: Growing Unequal? OECD, 2008.

Cén fáth, mar sin, an bhfuil bochtaine ann i ndomhan na flúirse? (ar lean)

Gníomhaíocht 2 - Cúiseanna féideartha

Aidhm

- Scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna le bochtaine in Éirinn agus sa domhan i gcoitinne
- Tús a chur le plé i dtaobh conas a éiríonn bochtaine as struchtúir éagóra.

1. Roinn an rang i ngrúpaí 3 nó 4 agus scaip cóipeanna den bhileog eolais thíos dar teideal 'Cúiseanna Féideartha le Bochtaine' (l. 77 Counted Out, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine). Abair leis na mic léinn gurb é atá le déanamh acu ná plé a dhéanamh ar na cúiseanna is suntasaí le bochtaine in Éirinn. Tar éis roinnt plé a dhéanamh, ba cheart do ghach grúpa comhaontú ar thrí chúis. Amhail mar atá luaite ar l. 4, tabhair róil do gach duine i ngach grúpa ar leith – mar shampla, Léitheoir, Taifeadóir, Áisitheoir, Maor Ama.
2. Tar éis tréimhse comhaontaithe, ba cheart do Thuairisceoir gach grúpa ar leith aiseolas a thabhairt faoi na trí chúis a comhaontaíodh ina ngrúpaí.
3. Liostaigh an t-ábhar sin ar an gclár agus luaigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na grúpaí.
4. D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh grúpa in ann teacht ar chomhaontú. Pléigh aon deacrachtaí a tháinig chun cinn.
5. Iarr ar na mic léinn smaoineamh a dhéanamh féachaint an roghnóidís na cúiseanna céanna dá mbeadh an ceacht seo á dhéanamh acu maidir lena dtír chomhpháirtíochta. Cad atá le foghlaim uaidh seo.



Cén fáth, mar sin, an bhfuil bochtaine ann i ndomhan na flúirse? (ar lean)

Gníomhaíocht 3 - Mór Chéimeanna

(In oiriúint ó <http://cspe.slss.ie/>)

Aidhm

- Ionbhá agus tuiscint a fhorbairt i measc na mac léinn maidir le heisiamh sóisialta agus le bochtaine agus maidir leis an tionchar atá ag bochtaine ar dheiseanna daoine ina saoil féin.

1. Cóipeáil na ról-chártaí agus gearr l. 46 gearr iad ionas go bhfuil ról-chárta ar fáil do gach duine sa rang. Iarr ar na mic léinn a ról-chárta a léamh agus machnamh a dhéanamh faoi na nithe seo a leanas: an duine atá i gceist, an áit ina gcónaíonn sé nó sí, an líon daoine atá sa teaghlach, an cineáil saoil atá acu, an motháíonn siad go bhfuil fíor-ionad acu ina bpobal, ina scoil, ina dteaghlach etc.

Nóta: Is cuma má tá an ról-chárta céanna ag roinnt mac léann. Mar mhalairt air sin, is féidir leat ról-chártaí a thabhairt do sheisear mac léinn (ceann an duine) agus féadfaidh an chuid eile den rang breathnú ar an ngníomhaíocht agus tuairimí a thabhairt faoi ina dhiaidh sin.

2. Glacann na mic léinn pearsa an ról-chárta agus seasann siad ag ceann amháin den seomra agus a ndroim leis an mballa. Úsáid fad iomlán an spáis.
3. Míniú go mbeidh ráitis á nglaoch amach agat. Tar éis gach ráiteas a léamh. ní mór dóibh mór-chéim nó céim bheag a ghlacadh, nó fanacht san áit ina bhfuil siad, ag brath ar an mbaint atá ag an ráiteas lena saol l. 46.

Glac mór-chéim má tá tú in ann an rud atá i gceist a dhéanamh go héasca nó má bhaineann an ráiteas leat go hiomlán. Glac céim bheag má tá tú in ann an rud atá i gceist a dhéanamh ach go bhfuil deacracht ag baint leis nó má bhaineann an ráiteas leat beagán. Ná bog más rud é nach féidir leat an rud atá i gceist a dhéanamh ar chor ar bith.

4. Inis do na mic léinn gurb é is aidhm don cheacht ná iarracht a dhéanamh chun taithe a fháil ar cén cineál saoil atá ag an duine ar an ról-chárta - ní bhaineann sé leis an gceann eile den seomra a shroicheadh roimh gach duine eile nó ní bhaineann sé leis an gceann eile den seomra a shroicheadh ar chor ar bith.
5. Glaoigh amach an chéad ráiteas anois. Nuair atá gníomh déanta ag gach duine mar fhreagra ar an ráiteas, iarr orthu míniú a thabhairt ar an ngníomh agus ar an gcúis a bhí acu leis. Roghnaigh tuilleadh ráitis ón liosta, léigh amach iad, agus lig do na rannpháirtithe a ngníomh a dhéanamh. Mar mhalairt air sin, léigh na ráitis go léir amach i ndiaidh a chéile agus iarr ar na rannpháirtithe ag an deireadh míniú a thabhairt i dtaobh cérbh é nó í a gcarachtar agus cad iad na ráitis ar leith a bhain leo ar bhealach níos mó ná na cinn eile agus vice versa. Tá an modh oibre is déanaí atá luaite úsáideach mura bhfuil mórán ama ar fáil nó má tá an ceacht seo á úsáid mar réamhghníomhaíocht le linn ranga.
6. Tar éis na ráitis go léir a léamh, cuir tús leis an mionphlé.

Plé

- Cé a chuaigh an t-achar is faide? Cén fáth? An gceapann tú go dtarlaíonn sé sin sa saol dáiríre?
- Cé a bhí fágtha ar gcúl/ar lár? Cén fáth? An gceapann tú go dtarlaíonn sé sin sa saol dáiríre?
- Conas a mhothaigh tú nuair a ghlac tú mór-chéim/nuair nach raibh tú in ann bogadh?
- Conas a mhothaigh tú nuair a bhí daoine eile ag bogadh níos tapúla/níos moille ná tú féin?



Cén fáth, mar sin, an bhfuil bochtaine ann i ndomhan na flúirse? (ar lean)

- An gceapann tú go bhfuil daoine/grúpaí ann i do phobal a mhothaíonn go bhfuil siad fágtha ar lár (eisiata)? Cé hiad? Cén fáth go bhfuil siad eisiata?
- Roghnaigh carachtar amháin. Pléigh na nithe a d'fhéadfá a dhéanamh ionas go mbeadh sé/sí in ann a mhothú go bhfuil níos mó cumhachta aige/aici agus go bhfuil níos mó deiseanna aige/aici.

Ráitis

- Is dócha go gcríochnóidh tú do chúrsa scolaíochta sa mheánscoil
- D'fhéadfá dul ar choláiste tar éis an cúrsa sa mheánscoil a chríochnú
- Nuair a bhíonn tú tinn, is féidir leat cuairt a thabhairt ar an dochtúir
- Is féidir leat maireachtáil sa bhaile in éineacht le do theaghlach
- Tá baile daingean agat
- Ní gá duit a bheith buartha faoi airgead
- Faigheann tú dóthain cabhrach nuair a theastaíonn cabhair uait
- Is féidir leat a bheith ag tnúth leis an todhchaí
- Is maith leat a bheith i do chonáí san áit ina bhfuil tú; tá an timpeallacht deas agus glan
- Mothaíonn tú go bhfuil cuid mhór roghanna agat faoi cad a dhéanfaidh tú le do shaol.

Cartaí ról

Elena, 14 - Tá mé 14 bliana d'aois agus as Uganda dom. I rith an lae, tugaim cabhair ar fheirm mo theaghlach agus déanaim nithe amhail bailiú uisce agus aire a thabhairt don eallach. Cé go bhfuil an obair sin crua, taitníonn sí liom. Ba mhaithe leis na daoine i mo shráidbhaile scoil oíche a chur ar bun ar mhaithe le leanáí de mo chineáls ionas go bhféadfaimis oideachas a fháil agus foghlaim faoi bhealaí níos fearr chun aire a thabhairt don fheirm. Ach níl dóthain airgid acu chun sin a dhéanamh..

Sagar, 14 - Tá mé 14 bliana d'aois agus tá cónaí orm san India áit a bhfuil daoine roinnte ina gcatagóirí éagsúla ar a dtugtar "ceastaí". Bainimse le ceast ar a dtugtar Dalit arb é an ceast 'is ísle' é. Níl cead againn dul isteach sa teampall céanna le daoine de chuid ceastaí níos airde ná bia a chaitheamh in éineacht le daoine i gceastaí níos airde. Oibrím ar fheirm daoine saibhre agus ní shaothraim ach beagán airgid. Tá mé féin agus daoine eile de chuid an cheast Dalit tar éis teacht le chéile chun iarracht a dhéanamh ár gcearta a bhaint amach.

Sophie, 16 - Tá triúr deartháir agat agus tá cónaí ort i Luimneach. Bhíodh d'athair agus do mháthar ag obair i gcomhlacht mhór ríomhaireachta go dtí gur dúnadh í agus b'éigean don bheirt acu glacadh le hiomarcaíocht. Tá cúrsaí an-teann anois agus tá imní ar do mhaim agus ar do dhaid nach mbeidh siad in ann leanúint de na hiocaíochtaí morgáiste a dhéanamh. Tá tusa ag obair go páirtaimseartha cheana féin ach tá an seans ann go mbeidh ort éirí as an scoil ar fad mura mbeidh do mhaim nó do dhaid in ann post a fháil. Ar aon chuma, tá sé deacair a bheith ag staidéar mar gheall ar an strus uilig sa teach.

Maria, 15 - Tá cónaí ort in Nairobi, príomhchathair na Céinia. Oibríonn d'athair mar oifigeach rialtais agus tá cónaí ort i dteach deas. Tugann do mháthair aire don teach agus don teaghlach ach tá cabhair aici chuige sin - cócaire agus glantóir. Tá garda slándála ann ag geata an tí an t-am ar fad mar go bhfuil cuid mhór bochtaine ann sa chathair agus, bíonn a lán coireanna ann sna ceantair rachmasacha. Tá tú ar scoil fós agus tá súil agat go rachaidh tú ar an ollscoil tar éis an mheánscoil a chríochnú – seans go rachaidh tú go dtí ollscoil i Londain.

Jackie, 15 - Tá cónaí ort i mBaile Átha Cliath. Chaith tú cuid mhaith de d'óige faoi chúram mar gheall ar fhadhbanna teaghlach. Ní féidir leat léamh ná scríobh a dhéanamh i gceart mar gur chaill tú cuid mhór am scoile thar na blianta. Thréig tú an gnáthshaol nuair a bhí tú 12 bliain d'aois. Tá tú ag maireachtáil ar na sráideanna le 9 mí anuas. Tá fadhb drugaí agat. Ní fheiceann tú aon ábhar dóchais duit féin chun éalú ón staid ina bhfuil tú. Ceapann tú gur cuma le daoine fút.

Mark, 16 - Tá 2 deirfiúr agus deartháir amháin agat agus tá cónaí ort i nGaillimh i dteach deas a fhéachann amach ar an bhfarraige. Is múinteoir do mham agus tá a chomhlacht féin ag do dhaid. Tá do sheomra leapa féin agat, mar aon le ríomhaire glúine de do chuid féin. Tá tú sa 5ú bliain agus tá sé beartaithe agat dul ar an ollscoil tar éis na hArdeistiméireachta chun staidéar a dhéanamh ar theangacha.



Cén fáth, mar sin, an bhfuil bochtaine ann i ndomhan na flúirse? (ar lean)



Leathnú ar ghníomhaíocht ar líne

Láithreáin ghréasáin agus acmhainní úsáideacha i dtaca le múineadh a dhéanamh faoi bhochtaine.

www.worldbank.org/poverty/ (Scrollaigh síos an leathanach baile chun Fiche Ceist faoin mBochtaine agus faoin bhForbairt a aimsiú).

Tá réimse acmhainní sármhaithe múinteoireachta curtha le chéile ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, amhail Counted Out, Fair Shares and Ireland – A Level Playing Pitch? A Transition Unit Resource. Is féidir na nithe sin go léir a íoslódáil ag <http://www.combatpoverty.ie/povertyinireland/teachers.html>



Obair Dhialainne

Críochnaigh na habairtí seo a leanas

- Thaitin rang an lae inniu liom mar...
- Is é an príomhrud a d'fhoghlaim mé innu ná...

Cad iad na ceisteanna a chuireann na cartúin seo...?

Aithnigh spreagadh (íomhá, rud, scéal, radharc drámatúil), go bhféadfaí úsáid a bhaint as laistigh ded' chomhpháirtíocht chun chomhfhiosrú a fhorbairt faoi nádúr na forbartha.





Cén bhaint atá ag cúnamh leis an scéal?

Aidhm

- A chumasú do na mic léinn scrúdú agus plé criticiúil a dhéanamh ar an ról a fhéadfaidh a bheith ag cúnamh maidir le forbairt a chur chun cinn in Éirinn agus i dtíortha eile.
- Roinn cuid de na fíoras thábhachtacha atá le fáil san alt dar teideal 'Bonanza Cúnaimh Coigríche daichead bliain na hÉireann ón Aontas Eorpach' I. 50. 'Ireland's forty year bonanza of foreign aid from the European Union' Ansin Déan seisiún tobsmaointe leis na mic léinn maidir leis an tslí inar caitheadh an t-airgead seo.

An bhfuil eolas ag na mic léinn faoi na háiseanna áitiúla a thógadh le hairgead ón AE? Conas a chabhraigh an cúnamh seo le hÉirinn a fhorbairt go háitiúil agus go náisiúnta? An gceapann siad gur caitheadh an t-airgead go maith?

- Ansin, taispeáin an póstaer 5:50:500 agus tabhair am do na mic léinn na fíoras a léamh agus a phlé. Iarr ar na mic léinn an fíoras is mó a bhaineann preab astu nó a chuireann iontas orthu a roghnú.
- Ansin cuir na mic léinn ag obair i ngrúpaí. Beidh air leath amháin den rang taighde a dhéanamh ar conas atá tionchar á dhéanamh ag gníomhaireachtaí Cúnaimh Éireannaigh (amhail Trócaire, Concern, etc.) trína gcuid oibre forbartha thar lear agus beidh ar an leath eile den rang fianaise a aimsiú a léiríonn conas atá forbairt á cur chun cinn trí chlár Chúnaimh Rialtas na hÉireann agus conas atáthar ag cabhrú le pobail an bhochtaine a shárú tríd an gclár sin. Is féidir leis na mic léinn a dtaighde a dhéanamh ina n-aonar nó i bpéirí.

- Tabhair torthaí an taighde agus, i bhfianaise na dtorthaí sin, fiafraigh de na mic léinn an bhfuil siad cinnte go n-éiríonn le cúnamh le fírinne.



Láithreán gréasáin úsáideach

http://www.irishaid.gov.ie/publications_case.asp tugann an nasc seo samplaí réalaíocha ar conas atá torthaí dearfacha ag gabháil le Cúnamh Éireannach.



Obair Dhialainne

I do dhialann, scríobh síos do chuid tuairimí faoi rang an lae inniu. Scríobh roinnt línte mar achoimre ar do chuid smaointe féin faoi chúnamh. An bhfuil athrú tagtha ar do dhearcadh mar thoradh ar an gceacht seo?



Gníomhaíocht Bhreise:

Saincheist an Chúnamh: Cúnamh i nDomhan Éagothrom

Tá tuilleadh gníomhaíochtaí a bhaineann le cúnamh le fáil san acmhainn seo a leanas de chuid Trócaire: http://www.trocaire.org/sites/trocaire/files/pdfs/edu/A%20Question%20of%20Aid_0.pdf



Cén bhaint atá ag cúnamh leis an scéal? (ar lean)

Bonanza cúnamh coigríche daichead bliain na hÉireann ón Aontas Eorpach

arna scríobh i bhFeabhra 2008:

'De réir na Roinne Airgeadais, tá €60 billiún faighte ag Éirinn ón AE ó tháinig sí chun bheith ina Ballstát sa bhliain 1973 agus tá €20 billiún aisíoctha go dtí seo.

Beidh glanfhátais €41bn faighte ag Éirinn ón Aontas Eorpach sula dtiocfaidh sí chun bheith ina glan-ranníocóir sa bhliain 2013. Glactar leis go ndéanfaidh Éire suim ghlan mheasta €500 milliún in aghaidh na bliana a ranníoc le buiséad an AE ón mbliain 2013 amach.

Is ón gComhbheartas Talmhaíochta a fuair Éire an gnóiteán is mó agus roimh Bhealtaine 2004 nuair nach raibh ach 15 Bhallstát san AE, bhí glanioncam per capita na hÉireann ag barr na ranguithe ar feadh cuid mhaith blianta.

Bailíonn duine de na fir ghnó is saibhre de chuid na hÉireann, Larry Goodman, os cionn €500,000 i leith a eastát 1600 agus tá an tsuim sin iníoctha fiú mura ndéanfaidh sé aon ní seachas féachaint ar an bhféar ag fás.

Mar shampla, fuair Éire thart ar €2 bhilliún de thacaíocht ó bhuiséad an AE sa bhliain 2007, ach ranníoc sí thart ar €1.5 billiún. Ciallaíonn sé sin go bhfuair Éire thart ar €500 milliún ó bhuiséad an AE sa bhliain 2007, i gcomparáid le thart ar €1.5 billiún cúig bliana roimhe sin.

Faoin mbliain 2011, táthar ag ceapadh gur mar an gcéanna, go garbh, a bheidh an méid a fhaigheann an Stát agus an méid a ranníocann an Stát. Ach, faoin mbliain 2013, táthar ag glacadh leis go mbeidh Éire ina glan-ranníocóir agus thart ar €500 milliún á íoc aici in aghaidh na bliana.

Tá tuairim is €60 billiún faighte mar thacaíocht ag Éirinn ón AE ón tráth a chuaigh sí isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa sa bhliain 1973 suas go dtí an bhliain 2007. Ach le linn na tréimhse sin, tá thart ar €20 billiún íoctha amach aici, rud a fhágann go bhfuil gnóiteán glan glan thart ar €40 billiún ann.

Faoin mbliain 2013, beidh tuairim is €72 billiún faighte ag an Stát agus meastar go mbeidh tuairim is €31 billiún íoctha amach aige'.

Is oiriúnú an méid sin thuas ar alt atá le fáil ag :

http://www.finfacts.ie/irishfinancenews/article_1012675.shtml

Ach, ní mar a shíltear a bítear i gcás ábhar an ailt thuas. Chun tuairim níos nua-aimseartha a fháil maidir le cúnamh AE, féach :

http://www.finfacts.ie/irishfinancenews/article_1021128.shtml





Gealltanais, agus tuilleadh gealltanais – Céard faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFM-anna)?

Aidhmeanna

- Plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le gealltanais rialtais idirnáisiúnta maidir le deireadh a chur le bochtaine.



Acmhainní atá ag teastáil: Sraith póstaer SFM (ar CD ROM, le caoinchead ó Oxfam) agus faisnéis ó leathanach gréasáin Oxfam http://www.oxfam.org.uk/education/resources/change_the_world_in_eight_steps/?37



Obair Dhialainne

1. Cuir tús leis an rang trí am a thabhairt do na mic léinn nithe a scríobh ina ndialanna faoin téama. An dóchas atá agam don domhan...
2. Nuair atá an méid sin déanta acu, d'fhéadfadh sé gur mhaith leis na mic léinn a smaointe a roinnt le cara nó i ngrúpaí beaga. Iarr ar na mic léinn cuid dá n-ábhar dóchais a roinnt agus scríobh na nithe sin ar an gclár.
3. Cuir póstaer SFM-anna in ionaid éagsúla sa seomra. Mínigh gur tháinig ceannairí an domhain le chéile agus gurbh iad seo na gealltanais a rinne siad. Faigh amach cé na póstaer MDG a fhreagraíonn d'ábhar dóchais na mac léinn don domhan de réir mar a scríobh siad síos iad ag tús an ranga. Iarr ar na mic léinn siúl thart agus na póstaer a léamh agus ceann amháin a roghnú a measann siad ina leith gurb é an ceann is tábhachtaí é.
4. Nuair atá gach duine ina suí arís, pléigh na spriocanna a roghnaigh na mic léinn agus na cúiseanna a bhí acu leis na cinn sin a roghnú. Iarr ar na mic léinn machnamh a dhéanamh i dtaobh cad í an sprioc is tábhachtaí dá dtír chomhpháirtíochta, dar leo? Cén sprioc a d'fhéadfadh a bheith ina díol comhspéise do mhic léinn in Éirinn agus do mhic léinn ina dtír chomhpháirtíochta? Conas a d'fhéadfaidís tús a chur le plé faoi seo lena gcomhpháirtithe? Pléigh.
5. Téann na mic léinn ina bpéirí chun ceann amháin de na SFM-anna a roghnú agus chun machnamh a dhéanamh ar trí rud i dtaobh cad atá le déanamh idir seo agus an bhliain 2015 le go sroichfear an sprioc áirithe sin. Tugann gach grúpa freagra.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar cad atá le déanamh le go mbainfear amach na SFM-anna an gceapann tú go bhfuil siad réalaíoch?
6. Taispeáin an cur i láthair PowerPoint agus nuair atá sé críochnaithe fág roinnt ama do na mic léinn chun a smaointe a scríobh isteach ina ndialanna.



Achoimre ar Spriocanna na Mílaoise

Spríoc Mhílaoise 1 **Bochtaine agus Ocras**

Gearr ina leath an líon daoine a mhaireann ar níos lú ná aon dollar SA (\$1) sa lá agus a fhulaingíonn de bharr ocras.

Spríoc Mhílaoise 2 **Oideachas**

A chinntiú go dtosaíonn agus go gcríochnaíonn gach uile leanbh cúrsa bunscolaíochta.

Spríoc Mhílaoise 3 **Cailíní**

A bheith cinnte go bhfreastalaíonn an oiread céanna cailíní le buachaillí ar scoil.

Spríoc Mhílaoise 4 **Naíonáin**

Gearradh siar dhá thrian a dhéanamh ar an líon leanaí a fhaigheann bás sula sroicheadh siad aois a cúig.

Spríoc Mhílaoise 5 **Máithreacha**

Gearradh siar trí cheathrú a dhéanamh ar an líon ban a fhaigheann bás le linn luí seoil.

Spríoc Mhílaoise 6 **Galar**

Stop a chur le leathadh galar uafásach amhail HIV/AIDS, maláire, TB agus a chinntiú nach bhfuil siad chomh coitianta agus atá siad.

Spríoc Mhílaoise 7 **An timpeallacht**

Gearr ina leath an líon daoine nach bhfuil uisce glan acu, feabhas a chur ar shaol daoine a mhaireann i slumaí, agus polasaithe a chur chun cinn a urramaíonn ceart daoine chun earraí nádúrtha an domhain a bheith acu.

Spríoc Mhílaoise 8 **Comhpháirtíocht Dhomhanda**

Comhar níos mó a chur chun cinn i measc na náisiún go léir, agus aird ar leith á tabhairt do mhargáí níos córa do thíortha bochta i dtaca le trádáil, cúnamh, fiacha, teicneolaíochtaí nua, etc.

Creidiúint: Pathways for Teaching the Millennium Development Goals, DICE Project 2006.



Naisc ghréasáin úsáideacha

- Tá sraith póstaer forbartha ag Oxfam agus baint acu le Spriocanna Forbartha na Mílaoise lena ngabhann gníomhaíochtaí seomra ranga. Is féidir iad a íoslódáil ag http://www.oxfam.org.uk/education/resources/change_the_world_in_eight_steps/
- <http://www.un.org/en/mdg/summit2010/successstories.shtml> Samplaí maithe de dhul chun cinn atá déanta
- <http://www.developmenteeducation.ie/issues-and-topics/millennium-development-goals/>



Gníomhaíocht Bhreise:

Cruthaigh Bróisiúr SFM

Iarr ar na mic léinn leas a bhaint as a gcuid scileanna TCF (Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise) chun bróisiúr a chruthú ar théama na SFM-anna, trí úsáid a bhaint as an idirlíon chun freagraí a fháil ar aon cheisteanna breise atá acu. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh i gcuid den fhaisnéis:

- Cad iad na SFM-anna
- Conas a thángthas ar na SFM-anna
- Samplaí de dhul chun cinn atá déanta/nach bhfuil déanta
- Malairtí ar na SFM-anna?



Machnamh a dhéanamh ar Chuid 2 Ceisteanna le haghaidh Oibre Dialainne



Tá deireadh an dara cuid den idiraonad seo sroichte agat

Sa bhaile, úsáid do dhialann chun machnamh a dhéanamh ar chuid de na ceisteanna seo a leanas

- Is é an rud is mó a thaitin liom faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh le déanaí ná...
- Rud a raibh deacracht agam leis ab ea...
- Rud tábhachtach a d'fhoghlaim é is ea ...
- Tháinig athrú ar mo thuairim faoi...

Ansin, cruthaigh íomhá a léiríonn an tslí ina bhféachann tú ar an domhan anois.



Sa chuid seo den Aonad, déanfaidh na mic léinn scrúdú ar na nithe a spreagann iad, agus ar a n-ionchais, maidir le nascadh Thuaidh theas agus déanfaidh siad scrúdú i dtaobh conas is féidir gaolmhaireachtaí a fhorbairt ar bhonn fíorurraime agus cómhálartachta chun comhpháirtíocht foghlama dhá threo a chruthú lena scoil chomhpháirtíochta. Déanfaidh siad breithniú freisin ar bhealaí chun na nithe a fhoghlaimíonn siad óna gcomhpháirtíocht a roinnt le daoine eile agus déanfaidh siad machnamh ar an taithí ar fad atá faighte acu agus ar gach ní atá foghlamtha acu.

Amhail mar atá sna codanna eile den idiraonad seo, tá na ceachtanna ceaptha ar shlí a fhágann go bhfuil solúbthacht agus roghanna ann. Is féidir oiriúnú a dhéanamh ar na ceachtanna go léir chun bheith in oiriúint d'ábhair spéise agus do riachtanais do chuid mac léinn. Ní gá iad a mhúineadh san ord ina bhfuil siad leagtha amach anseo.



Tá acmhainní breise don mhúinteoir maidir le comhpháirtíochtaí scoile a thógáil le fáil ag na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

- <http://www.dfid.gov.uk/get-involved/for-schools/global-school-partnerships/>
- <http://www.ukowla.org.uk/toolkitmain/toolkit.asp>
- <http://www.think-global.org.uk/resources/>



Réamhrá: Tionchar a imirt

Aidhm

- Feasacht a mhéadú maidir le nascadh a bheith ina bhealach chun tionchar a dhéanamh.

Réamhghníomhaíocht: Déan ciorcal mór agus téigh thart air agus iarr ar gach mac léinn ar leith duine amháin a ainmniú is ábhar inspioráide dó nó di agus na cúiseanna leis sin a lua. (D'fhéadfadh, duine clúiteach, duine den teaghlach, cara a bheith i gceist.)

1. Tá cuid mhór bealaí ann inar féidir comhar agus dlúthpháirtíocht a fhorbairt idir daoine in Éirinn agus sa Deisceart Domhanda. Déan seisiún tobsmaointe chun na mic léinn a chur ag machnamh ar an iliomad bealaí inar féidir leo tionchar a dhéanamh agus dlúthpháirtíocht le daoine a chónaíonn sa Deisceart Domhanda a léiriú.

Seo a leanas cuid de na nithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn – Cóir-Thradáil, Stop a Chur le hAthrú Aeráide, Ceartas Trádála, Páirt a Ghlacadh i bhFeachtas, Stíl Mhaireachtála a Athrú (e.g. laghdú, athúsáid agus athchúrsáil a dhéanamh), cistí a bhailiú, litir agóide a scríobh, achainí a shíniú, brústocaireacht a dhéanamh ar pholaiteoirí, etc.

2. Nuair atá an seisiún tobsmaointe thart, bain úsáid as obair i bpéirí chun na mic léinn a chur ag plé na gceisteanna seo a leanas - Cad iad na gníomaíochtaí is éifeachtaí? Cad iad na gníomhaíochtaí a mothaím compordach ina mbun? Cén fáth? An mothaíonn siad riamh nach fiú aon rud a dhéanamh? Cén fáth? Cad nó cé a thugann dóchas nó inspioráid dóibh? D'fhéadfá tagairt a dhéanamh siar don réamhghníomhaíocht tosaigh.

3. Glac le haiseolas

4. Iarr ar aoichainteoir ó eagraíocht forbartha nó ar ghrúpa a eagraíonn feachtais chun labhairt leis na mic léinn faoi fheachtas nó faoi ghníomh áirithe.



Obair Dhialainne

Léigh an sliocht seo agus ansin iarr arna mic léinn a gcuid smaointe ina leith a scríobh isteach ina ndialanna.

“Inis dom cén meáchan atá i gcalóg sneachta”, a dúirt éan beag le colm fiáin. “Faic níos mó ná faic”, a tugadh mar fhreagra. “Sa chás sin, caithfidh mé scéal iontach a insint duit”, arsa an t-éan beag. “Bhí mé i mo shuí ar chraobh crainn giúise, gar dá stoc, nuair a thosaigh sé ag cur sneachta – ní go trom, ní síobadh sneachta a bhí ann – ní hea, mar a bheadh brionglóid ann, gan aon ghaoth, gan aon fhoréigean. Ós rud é nach raibh aon ní níos fearr le déanamh agam, rinne mé comhaireamh ar na calóga sneachta agus iad ag titim ar na craobhóga agus ar an spíonlach ar mo chraobh. Bhí 3,741,952 díobh ann go cruinn. Nuair a thit an 3,741,953ú ceann ar an gcraobh, faic níos mó ná faic mar a deir tú féin, briseadh an chraobh den chrann”. Tar éis an méid sin a rá, d'éitil an t-éan beag leis. Rinne an colm, a bhí ina údar ar an ábhar seo ó aimsir Naoi, machnamh ar an scéal ar feadh tamaillín agus ar sise léi féin sa deireadh, “B'fhéidir nach bhfuil ach glór duine amháin in easnamh le go mbeidh síocháin ar an domhan”

Creidiúint: Kurt Kauter, *New Fables* – Thus spoke the caribou.





Mar sin, cad é an chuma a bhíonn ar ghaolmhaireacht rathúil?

Aidhmeanna

- Scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe gaolmhaireachtaí atá bunaithe ar chómhalartacht/ chomhionannas
 - Breithniú a dhéanamh ar chuid de na bacainní ar fhoirmiú gaolmhaireachtaí idir scoileanna ar gaolmhaireachtaí iad atá bunaithe ar chomhionannas agus bealaí a shainaithint chun na bacainní sin a shárú.
1. Agus úsáid á baint as a ndialanna acu, iarr ar na mic léinn machnamh a dhéanamh ar ghaolmhaireacht rathúil ina saol féin? Breac síos trí fhocal nó ceithre fhocal a d'fhéadfadh cur síos a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht sin.
 2. Ansin, iarr ar na mic léinn a gcuid smaointe a roinnt agus iad a scríobh ar an gclár. D'fhéadfadh frásaí den chineál seo a leanas a bheith ann – tá muintín againn as a chéile, tá meas againn ar a chéile, is féidir linn a bheith macánta lena chéile, etc.
 3. Iarr ar na mic léinn smaoineamh an saintréith thábhachtach de chuid gaolmhaireachtaí a mhothú go bhfuil tú comhionann leis an duine eile. Cén fáth? Mínigh nach ionann a bheith comhionann agus a bheith mar an gcéanna leis an duine eile. Mar shampla, d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfuil na tallanna céanna agat le do chara ach, dá ainneoin sin, mothaíonn tú go bhfuil tú comhionann leis nó léi.
 4. Ansin, iarr ar na mic léinn breathnú ar na ráitis ar an leathán oibre (ar an gcéad leathanach eile) agus sin a dhéanamh i bpéirí. Déanfaidh siad plé, i bpéirí, faoin ngné chomhchoiteann sna ráitis sin. Cad é an phríomhtheachtaireacht atá iontu?

An bhfuil aon ráiteas áirithe ar a dtarraingítear d'aird? Cé acu? Cén fáth?

5. Tarraing an grúpa uile le chéile arís chun aiseolas a fháil agus chun an ghníomhaíocht a phlé.
6. Ansin iarr ar na mic léinn a bheith ag obair i bpéirí arís chun teacht ar liosta de na bacainní ar ghaolmhaireachtaí atá bunaithe ar chothroime idir scoileanna in Éirinn agus sa Deisceart Domhanda. Ansin, déan liosta de na bealaí chun na bacainní sin a shárú.

Ba cheart go mbeadh cuma den sórt seo a leanas ar an leathanach...

Baic ar ghaolmhaireacht chomhionann	Bealaí chun na baic sin a shárú
1.	
2.	
3.	
4.	
5.	
6.	
7.	
8.	



Leathán Oibre Na Mac Léinn

'De réir an taithí atá againne ar chomhpháirtíochtaí Thuaidh heas, is dóigh gurb é an scoil Éireannach a leagann síos an clár oibre agus a ghlacann ról ceannasach sa chomhpháirtíocht.'

'Conas is féidir comhpháirtíocht chomhionann a bheith ann nuair atá comhpháirtí amháin ag fáil carthanachta ón gcomhpháirtí eile? Is é is brí le fíor-chomhpháirtíocht ná go dtagann athrú ar an dá chomhpháirtí de bharr na gaolmhaireachta.'

(Toolkit for Linking: Opportunities and Challenges. UKOWLA, 2007)

'Ní spéis liom glacadh le grabhróga na hatrua ó bhord duine éigin a mheasann gurb é mo mháistir é. Tá biachlár iomlán na gceart uaim.

An tEaspag Desmond Tutu, an Afraic Theas

'Ar dtús, bhí sibh anseo mar mhisinéirí; ansin tháinig sibh mar lucht coilíniúcháin; anois, tá sibh ann mar nascóirí.'

'Nuair a mholann tú nasc, an bhfuil gaolmhaireacht á tairiscint dúinn nó an é atá i gceist agat ná do theanga agus do chultúr a dhíol linn?

Nidaa Al Ghazai, an Liobáin

"Nuair a dhéantar nasc le Sasana, is ceart déanamh de réir mar a iarrann siad nó d'fhéadfadh sé tarlú go gcinneadh siad scoil eile a aimsiú."

Múinteoir Brasaíleach a bhí páirteach i dtionscadal nasctha

'Má tháinig tú anseo chun cabhrú liom, tá do chuid ama á chur amú agat...ach má tháinig tú mar go bhfuil do shaoirse bainteach le saoirse s'agamsa, ansin bímis ag obair le chéile.'

'Is ábhar náire dúinn an chomhpháirtíocht má labhraímid fúithi i dtéarmaí ábharthacha amháin. Le fírinne, baineann an chomhpháirtíocht lenár ndaonnacht chomhchoiteann a roinnt lena chéile: ag obair le chéile ar mhaithe le domhan níos fearr.'

Paul Nyathi, an tSiombáib

Bunaithe ar smaoineamh as Introduction to Global School Partnerships, Leabhar Oibre na Rannpháirtithe, l. 13 clár Comhpháirtíochta Scoile Domhanda DFID.





Reoigh é

Aidhmeanna

- Iarr ar na mic léinn iad féin a eagrú i bpéirí (nó i ngrúpaí beaga). Tá siad chun fráma reoite a chruthú anois ina dtaispeánfar an cineál gaolmhaireachta ar mhaith leo a bheith ann idir iad féin agus a scoil chomhpháirtíochta. Mínígh go bhfuil fráma reoite cosúil le grianghraf ina bhfeictear daoine i staidiúir éagsúla trína dtugtar teachtaireacht áirithe. Is é atá le déanamh acu ná fráma reoite a chruthú agus é a thaispeáint don rang
- Nuair atá gach grúpa réidh, iarrann an múinteoir ar roinnt mac léinn a gcuid frámaí reoite a thaispeáint. Le linn gach fráma reoite ar leith a bheith ar taispeáint, is féidir leis na mic léinn eile tuairimí a nochtadh ar an méid a fheiceann siad nó is féidir leo ceisteanna a chur faoi
- Críochnaigh an ghníomhaíocht trí phlé a dhéanamh faoin mothúchán a bhí acu maidir leis na ról éagsúla agus faoi cad atá foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo a bhain le frámaí reoite a dhéanamh.

Moladh: Glac grianghraif de chuid de na frámaí reoite agus malartaigh iad le do chomhpháirtithe, chun tuairim shoiléir a fháil faoi cad is mian leis an mbeirt agaibh maidir le conas a fhorbrófar comhpháirtíocht dhá threo





Samhlaigh an méid seo – Cúnamh d'Éirinn

Aidhm

- Anailís chriticiúil a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí idir deontóirí agus faighteoirí.

Nóta: Tá rólghlacadh an-tábhachtach sa ghníomhaíocht seo ach is tusa, an múinteoir, a ghlacfaidh na ról éagsúla, mar shampla (i gcuid a haon) glacann tú ról an chathaoirligh ar eagraíocht chúnamh thar lear agus gníomhaíonn an chuid eile den ghrúpa i bhfeidhm an choiste atá freagrach as bailiú cistí.

I gcuid a dó, déanann tú soiléiriú á rá go mbaineann gníomhaireacht chúnamh idirnáisiúnta an ghrúpa le stát [samhailteach] forásach a bhfuil cuid mhór acmhainní aige agus ar a dtugtar Qutan agus gurb í Éire an spriochtír atá acu. Spreagann tú an grúpa breathnú ar an méid atá leagtha amach thíos ó dhearcadh nach bhfuil coinne leis, is é sin le rá, ó thaobh an fhaighteora seachas ó thaobh an deontóra.

I gCodanna a 3 agus a 4 faightear achoimre ar phróiseas faisnéisithe ar lena linn atá am ag an ngrúpa chun machnamh agus plé a dhéanamh ar an taithí atá faighte acu ón gníomhaíocht. Is cuid thábhachtach den taithí é seo. Is ceart go dtuigfeadh múinteoirí agus áisitheoirí gur gníomhaíocht réamhghníomhach í seo agus go bhfuil seans ann gur gníomhaíocht chorráitheach a bheidh ann. Scríobhadh an ghníomhaíocht seo sa bhliain 2000 ar dtús agus tá suntasacht nua ag baint léi anois nuair is gá do na mic léinn déileáil le réaltacht 'tarrtháil' ón IMF-AE agus le holl-dífhostaíocht agus imirce atá ag tarlú arís in Éirinn. Tá sé riachtanach go mbeidh am ag na mic léinn chun na saincheisteanna a thagann chun cinn mar thoradh ar an gcluiche a plé. Tá sé an-tábhachtach freisin go ndéanfar na nithe a nglacann deontóirí mórluachacha Qutan leo agus na nithe a fhágann

siad ar lár a bhréagnú le linn na ról a ghlacadh, trí dhíriú ar an iliomad gnéithe dearfacha agus gnóthachtálacha a bhaineann an tír an fhaighteora, is é sin Éire sa chás seo.

Agus tá moltaí ann maidir le faisnéis leantach agus gníomhartha leantacha. Is cuid an-tábhachtach den phróiseas foghlama é freisin bealaí cuiditheacha a chruthú le haghaidh tuilleadh machnaimh.

Cuid a haon

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach obair atá déanta ag na mic léinn i gCuid 1 a chur i gcuimhne dóibh, is é sin, obair a bhaineann le dearcadh ar an Deisceart Domhanda mar gur gníomhaíocht í seo a thugann dúshlán freisin maidir le dearcadh agus tuairimí daoine.

Mínigh don rang go gcaithfidh siad a shamhlú, mar chuid den ghníomhaíocht seo, go bhfuil siad ar choiste de chuid gníomhaireachta cúnamh thar lear. Tá spriochtír nua roghnaithe acu agus tá siad tar éis filleadh ó mhisean aimsithe fíoras ar lena linn a thug siad cuairt ar an bpríomhchathair agus ar cheantair thuaithe iargúlta. Le linn an turais sin, chonaic an grúpa tionchar na bochtaine ar chodanna móra den tsocháí ach, ag an am céanna, chonaic siad fianaise freisin ar shaibhreas mór sa tír seo atá iontach éagothrom. Iarr ar an ngrúpa anois plé a dhéanamh ar conas a bhaileoidh siad cistí don tír chomhpháirtíochta nua. Seo a leanas roinnt moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann: pacáí scoile a úsáid (lena n-áirítear boscaí bailiúcháin a thabharfaidh gach leanbh abhaile leis nó léi), feachtas póstaer, 'bronntanais eiticíúla' a chur chun cinn, chomh maith le húsáid a bhaint as na meáin agus as líonrú sóisialta.



Samhlaigh an méid seo – Cúnamh d'Éirinn (ar lean)

Cuid a Dó:

Bair anois gurb é 'Cúnamh Qutan' is ainm don charthanas agus gur Eagraíocht Neamhrialtasach idirnáisiúnta (NGO) atá ann as an stát saibhir forásach ar a dtugtar Qutan. Is í Éire an fócas-tír i mbliana. Baileoidh feachtas 'Cabhraigh le hÉirinn' cistí chun tacú le hobair thábhachtach forbartha a bhfuil gá mór léi agus a bheidh dírithe ar mhná agus ar leanaí Éireannacha.

Tabhair cúlra: Tá Éire ag brath go mór le tamall de bhlianta ar an gcúnamh a fhaigheann sí ó dheontóirí. Ó thús na 1970-idí tá cúnamh os cionn €60 billiún faighte aici ón AE. Chuidigh sé sin le hÉirinn poist a chruthú, borradh a chur faoin talmhaíocht agus a cuid fiacha ollmhór náisiúnta a íoc (na fiacha is airde per capita sa domhan ag tráth áirithe).

Ach tá deireadh ag teacht leis na deontais AE sin anois. Is léir nár caitheadh an cúnamh sin go críonna i gcónaí nó nár infheistíodh go straitéiseach é agus, d'ainneoin fás mórthaibhseach eacnamaíochta a bheith ann, tá an saibhreas agus na hacmhainní roinnte go han-éagothrom in Éirinn, rud a fhágann go bhfuil cuid mhór daoine i mbaol bochtaine.

Fiú amháin nuair a bhí an fás i mbarr a réime, bhí beagnach 20% de leanaí na hÉireann ag maireachtáil i mbaol bochtaine (2007) agus bhí 65,000 leanbh ag maireachtáil i dteaghlaigh nach raibh in ann freastal ar a gcuid bunriachtanas. Anois, agus an staid eacnamaíoch ag dul in olcas, is léir nach féidir linne, muintir Qutan, fanacht díomhaoin gan aon rud a dhéanamh faoin bhfulaingt seo.

Tá an coiste tar éis teacht ar roinnt smaointe chun cistí a bhailiú, ar smaointe iad a d'fhéadfadh cabhrú le muintir Qutan tacú le feachtas 'Cabhraigh le hÉirinn'. Tá roinnt tionscadal ann a bhféadfaí suntas a thabhairt dóibh le linn feachtais bailithe airgid. Ba cheart don choiste (na mic léinn) breithniú a dhéanamh anois ar an smaoineamh (na smaointe) a gceapann siad ina leith go mbaileoidh sé (siad) an chuid is mó airgid agus smaointe nua a chur san áireamh de réir mar a thagann siad chun chinn.

- Teaghlaigh in Qutan a spreagadh chun urraíocht a dhéanamh le haghaidh bríce chun ospidéal a bhfuil géarghá leis a thógáil chun dul i ngleic le liostaí feithimh i gcomhair cóireála leighis atá ag leibhéal géarchéimhe
- Feachtas feasachta a sheoladh chun teagasc a thabhairt do dhochtúirí agus d'fhoireann leighis na hÉireann maidir leis an ngá lena lámha a ní i gceart chun dul i ngleic le fadhb an MRSA agus le hionfhabhtuithe eile in ospidéal de chuid na hÉireann. (Is ag dochtúirí na hÉireann, i gcomparáid leis an bhfoireann go léir in ospidéal, atá an ráta is airde, is é sin le rá, 41%, maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a bhaineann le sláinteachas láimhe)
- Urraíocht a dhéanamh ar leanbh i gceantar bocht chun íoc as a leabhair scoile agus as lón folláin gach lá. Ba cheart d'urraitheoirí bronntanais a chur chuig a leanbh uchtaithe freisin ag deireadh Ramadan, le haghaidh Eid. (Bheadh sé sin oiriúnach go maith lenár gceirín singil carthanachta - 'Beathaigh na hÉireannaigh, Cuir in iúl dóibh go bhfuil Eid Al-Fitr ann' - atá le scaoileadh don phobal tráth seolta an fheachtais 'Cabhraigh le hÉirinn'.)
- 'Uchtaigh Mamó' agus déan difríocht do cheann den 133,000 teaghlach ina bhfuil 'bochtaine bhreosla' in Éirinn (an ráta is airde san Eoraip), rud is cúis le thart ar 2,000 bás roimh am sa bhliain



Samhlaigh an méid seo – Cúnamh d’Éirinn (ar lean)

- Maoiniú a sholáthar chun clinic cóireála drugaí a thógáil i ngach ceann de na cathracha móra, agus oiliúint ónár gcuid saineolaithe a thabhairt maidir le déileáil le droch-úsáid alcóil, rud is follasach atá forleathan in Éirinn i measc daoine óga agus daoine scothaosta araon agus a chosnaíonn na milliúin don gheilleagar gach bliain
- Camail bheo agus ainmhithe feirme eile a thabhairt do theaghlach tuaithe atá i ngátar
- Oiliúint a thabhairt do cheannairí pobail maidir le bainistíocht chuí dramhaíola chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú ainsealach atá ann mar gheall ar míbhainistiú umar seipteach faoin tuaithe in Éirinn agus mar gheall ar dhumpáil múnlaigh aimh isteach sna huiscebhealaí. (Tá E-coli láithreach go minic san uisce óil agus tharla ráigeanna cryptosporidium le déanaí a bhí ina gcúis le cruatan agus bhí 90,000 duine i nGaillimh nach raibh in ann an t-uisce a ól. Measadh go forleathan nárbh oiriúnach an tslí inar láimhseáil an rialtas áitiúil agus an rialtas náisiúnta an ngéarchéim.)
- Maoiniú a thabhairt le haghaidh tionscadal do dhaoine óga agus do chlár rialaithe daonra (frithghiniúint) chun dul i ngleic leis an ráta ard scáfar toirchis i measc daoine óga in Éirinn (rud atá nasctha le droch-úsáid alcóil a bhfuil a leibhéal i measc na rátaí is airde dá bhfuil ann san Eoraip)
- Blaincéid athlámhe a bhailiú lena gcur chuig daoine gan dídean
- Meastar go bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) ag leanbh amháin as gach 5 leanbh in Éirinn. Spreagadh a thabhairt do mhic léinn coláiste de chuid Qutan obair shaorálach a dhéanamh in Éirinn mar oibríthe tacaíochta RSO le linn mbliana sosa idir an mheánscoil agus an ollscoil

- Iomámaí a chur go hÉirinn chun treoir spioradálta a sholáthar do mhuintir na hÉireann le linn ré ábharthachta agus tráth a bhfuil creimeadh á dhéanamh ar luachanna
- Tá an diaibéiteas agus galar croí fiú amháin ina bhfadhbanna tromá agus iad ag méadú i gcónaí i measc leanaí Éireannacha. Clár oiliúna cothúcháin a chur ar bun do mháithreacha na hÉireann chun teagasc a thabhairt dóibh faoi conas a leanaí a chothú i gceart
- Suntas a thabhairt don ghá le foireann imscrúdaitheoirí as Qutan chun imscrúdú a dhéanamh ar éillitheacht i ngnóthaí polaitíochta agus gnó in Éirinn. Tabharfaimid oiliúint don rialtas agus do státseirbhísigh maidir le rialáil airgeadais. Is léir, de bharr samplaí eile de mhíbhainistiú ainsealach (e.g. ríomh-vótáil agus córais ríomhaireachta na mBord Sláinte) a chosnaíonn na milliúin ar an stát, go bhfuil gá le hoiliúint maidir le pleanáil agus scileanna bainistíochta. Mar mhalairt air sin, mura nglacfaí lenár gcomhairle, d’fhéadfaí dul thar rialtas na hÉireann amach anseo agus d’fhéadfaí obair forbartha a chomhordú go díreach trí oifigigh de chuid Chúnamh Qutan atá ag obair ar an láthair.

Feách [I. 64](#) do thearmaí tagartha agus foinsí.

De bhreis air sin, ní mór don choiste [na mic léinn rannpháirteacha] grianghraf a roghnú le haghaidh na bpóstaer a úsáidfear don achainí “Cabhraigh le hÉirinn. Beidh sé sin le feiceáil ar na pacáí a chuirfear chuig scoileanna (lena n-áirítear an bosca bailiúcháin a thabharfaidh gach leanbh abhaile leis nó léi le linn Ramadan), in irisí agus ar chlár fógraí. Is féidir leis an áisitheoir íomhánna den bhochtaine in Éirinn a fhaightear ó nuachtáin a chur ar taispeáint (íomhánna de dhaoine gan dídean nó scuainí le haghaidh leasa shóisialta, mar shampla) nó plé a dhéanamh leis an ngrúpa faoi smaointe le haghaidh grianghraif.

Samhlaigh an méid seo – Cúnamh d'Éirinn (ar lean)

Cén íomhá ag a mbeadh an tionchar is mó?

- Grianghraf de leanbh atá ag fanacht le seirbhísí riachtanacha leighis
- Seanmháthair tar éis an tríú lá ina luí ar thralaí ospidéil i ndorchla ospidéil phlódaithe agus í ag fanacht le cuairt ón dochtúir
- Fear óg ina luí amuigh faoin spéir agus é cuachta istigh i ndoras foirgnimh
- Taispeáin an strus agus an phian ar aghaidh duine éigin ar laghdaíodh a leas sóisialta agus a liúntas cíosa
- Sin nó 'pictiúir dearfach' de leanbh sona ag fáil cabhrach ó dhuine dár gcuid oibrithe allamuigh, ionas gur féidir le daoine a thuiscint go bhfuil obair mhaith á déanamh lena gcuid airgid.

Áisitheoir: “Ar ndóigh, déanfaidh Cúnamh Qutan ár gcuid grianghrafadóirí a íoc agus creidiúint a thabhairt dóibh nuair a fhoilsítear na hábhair seo. An bhfuil aon ní eile ann nach mór dúinn breithniú a dhéanamh ina leith sula ndéanfar na híomhánna seo a chló? Níor iarramar cead ar ábhair na n-íomhánna chun a n-íomhánna a úsáid le haghaidh ár bhfeachtais (bhí an tseanmháthair ar an tralaí gan aithne gan urlabhra ar aon nós), ach táimid cinnte nár mhiste leo. Nuair atá deireadh ráite, is ar mhaithe le cúis mhaith é seo agus is chun tairbhe dóibh é, nach ea?”

Cuid a trí:

Mínigh go bhfuil deireadh leis an gcuid seo den rólghlacadh. Admhaigh gur dócha gur chorráigh sé daoine agus go bhfuil a lán saincheisteanna ann atá le plé. Beidh am ann chuige sin go gairid ach, ar dtús, iarrtar ar an ngrúpa iarracht a dhéanamh breathnú ar fheachtas Chúnamh Qutan ó dhearcadh difriúil.

Iarr ar an ngrúpa anois a shamhlú gur grúpa Éireannach iad agus iad ag taisteal go Qutan. B'fhéidir go bhfuil siad ag dul ann ar saoire, chun bheith ag obair, chun dul i mbun staidéir nó chun cuairt a thabhairt ar chairde. Is cuma cén chúis atá i gceist, tá siad ag dul isteach in Qutan díreach nuair atá achainí 'Cabhraigh le hÉirinn' faoi lán seoil. Tá boscaí bailiúcháin ag leanaí scoile; tá póstaer le feiceáil ar fud na mbailte móra agus tá ábhair an fheachtais le feiceáil sna mórmheáin.

- Conas a mhothóinn mar Éireannach in Qutan i láthair na huaire?
- Más rud é nach bhfuil ach beagán eolais eile faoi Éirinn ag muintir Qutan, seachas an méid atá acu ó fheachtas 'Cabhraigh le hÉirinn', cén tuairim, dar leat, atá acu faoi mhuintir na hÉireann? Conas atá sé a bheith in áit ina bhfuil gach duine ar an eolas faoi na nithe nach bhfuil againn nó faoi na deacrachtaí atá againn?



Samhlaigh an méid seo – Cúnamh d'Éirinn (ar lean)

- Tríd an bhfeachtas 'Cabhraigh le hÉireann' tugtar achoimre ar na fórfhadhbanna ach ní thaispeánann sé na bealaí ina bhfeidhmíonn sochaí na hÉireann i gceart. Níl aon iomrá ar na scileanna ná ar na hinniúlachtaí go léir atá ag muintir na hÉireann ná ar na nithe dearfacha a tharlaíonn gach uile lá. Más rud é nach dtugtar aon eolas do mhuintir Qutan faoinár gcuid láidreachtaí agus faoinár gcuid gnóthachtálacha, an gceapann tú go samhlaíonn siad go bhfuil aon ní dearfach le tairiscint againn? Murab amhlaidh an cás, cad a cheapann siad atá á dhéanamh againn in Qutan?

In ionad díriú ar fhadhbanna agus ar easnaimh amháin, an mbeadh sé tábhachtach go mbeadh eolas ag muintir Qutan faoi ghnóthachtálacha mhuintir na hÉireann? Ar cheart go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil ár dteanga féin againn mar aon le hoidhreacht shaibhir chultúrtha? Go líontar amharclanna ar fud an domhain le daoine ar mian leo féachaint ar shaothar drámadóirí, ceoltóirí agus damhsóirí Éireannacha? Go bhfuil Duais Nobel gnóthaithe ag údair agus ag eolaithe de chuid na hÉireann? Gur troideadh cogadh saoirse le cuimhne na ndaoine i gcoinne ceann de na cumhachtaí impriúla is mó ar an domhain? Go raibh oibrithe Éireannacha ina gcomhghuaillithe tábhachtacha san fheachtas chun deireadh a chur leis an gcinedheighilt san Afraic Theas? Go bhfuil oibrithe forbartha pobail na hÉireann, gníomhaithe agus oibrithe saorálacha tar éis rannchuidiú ollmhór a dhéanamh ina bpobail? Cad eile a ndearnadh neamhshuim de i bhfeachtas Qutan? Ní admhaíonn NGO Qutan (nó ní thugtar faoi deara é, b'fhéidir) an méid mór oibre a dhéanann na daoine ina bhfócas-tír cheana féin chun dul i ngleic lena gcuid fadhbanna. An bhfuil an chuma air seo gur chuala tú roimhe é?

Cuid a ceathair

Deireadh le himirt ról:

Iarr ar an ngrúpa tuilleadh foghlama a dhéanamh faoi pholaitíocht an chúnamh trí scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna amhail cúnamh ceangailte, fiachas domhanda [www.debtireland.org], ceartas trádála [www.comhlamh.org] agus ceartas cánach [www.debtireland.org agus www.christianaid.ie].

Tugann Dóchas (Cumann Éireannach na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha Forbartha) do ghníomhaireachtaí cúnamh in Éirinn chun Cód Cleachtais saorálach a ghlacadh maidir le híomhánna agus teachtaireachtaí a chur chun cinn maidir le bailiú cistí, oideachas agus tuairiscí. Gheofar tuilleadh faisnéise faoi seo, mar aon le liosta NGO-anna a ghlac an Cód, ag www.dochas.ie

Samhlaigh an méid seo – Cúnamh d'Éirinn (ar lean)



Obair Dhialainne

- Scríobh faoi na nithe atá foghlamtha agat de bharr páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo
- An bhfuil athrú tagtha ar do dhearcadh? Má tá, conas?

Tagairtí:

1. <http://www.eumatters.ie/How-the-EU-Works/What-difference-has-membership-made-.aspx>
2. <http://www.combatpoverty.ie/povertyinireland/childpoverty.htm>
3. <http://www.irishexaminer.com/archives/2009/0316/ireland/children-face-2-year-wait-for-therapies-86895.html> Irish Examiner, 16th March 2009.
4. Léiríonn taighde in ospidéal na hÉireann go bhfuil sláinteas láimhe i measc oibríthe cúraim sláinte ag leibhéal fo-optamach fós agus go bhfuil gá suntasach le feabhsú. Féach Hand hygiene compliance: exploring variations in practice between hospitals, 8 December, 2009, available <http://www.nursingtimes.net/hand-hygiene-compliance-exploring-variations-in-practice-between-hospitals/1944149.article>
5. Fuel Poverty, Thermal Comfort and Occupancy: Results of a National Household Survey in Ireland, John D. Healy and J. Peter Clinch, www.ucd.ie/gpep/research/workingpapers/2002/02-05.pdf - 2010-05-08 - Text Version.
6. 'Excess Winter Mortality in Europe: A Cross-Country Analysis Identifying Key Risk Factors', John D. Healy, 2002. <http://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC1732295/>
7. EPI-Insight, Disease Surveillance Report, Vol. 8 Issue 4, April 2007, HSE. <http://www.hpsc.ie/hpsc/EPI-Insight/Volume82007/File,2283,en.pdf>





Cad a spreagann sinn chun nascadh a dhéanamh?

Aidhm

- Cabhrú le mic léinn scrúdú a dhéanamh ar an spreagadh atá acu le nascadh scoile a dhéanamh agus ar na nithe a bhfuil súil acu leo dá bharr.

Na hacmhainní atá ag teastáil: leathanach bán agus peann móide sraith 6 cárta bhána do gach grúpa beag.

Céimeanna

- Déan grúpaí beaga (is fearr grúpaí 4 a bheith ann) agus tabhair sraith cártaí bana do gach grúpa. Ainmnigh Áisitheoir, Taifeadóir, Tuairisceoir agus Maor ama do gach grúpa ar leith. Is é an ról ata ag an Áisitheoir ná a chinntiú go bhfaigheann gach duine deis chun labhairt agus smaointe a nochtadh. Is ceart don Áisitheoir iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú sa ghrúpa i dtaobh conas a chuirfear an tasc i gcrích. Is é atá le déanamh ag an Taifeadóir ná smaointe an ghrúpa a scríobh ar na cártaí a tugadh dó, ach gan sin a dhéanamh go dtí go bhfuil an grúpa ar fad sásta gurb iad sin na freagraí atá comhaontaithe. Tabharfaidh an Tuairisceoir tuairisc ar son an ghrúpa ag deireadh an tasc. Ní mór don Mhaor Ama a chinntiú go ndíríonn an grúpa ar an ábhar lena mbaineann agus a chur i gcuimhne don ghrúpa gur gá teacht ar chomhaontú má tá an t-am ag éirí gann.
- Nuair ará na mic léinn uile socraithe agus a gcuid ról ar eolas acu, abair leo cad atá le déanamh. Caithfidh na mic léinn liosta a dhéanamh de na cúiseanna féideartha go léir le nascadh. I bhfocail eile, cén fáth gur mhaith leo nasc a fhorbairt le mic leinn i dtír eile? Cad ba mhaith leo a ghnóthú ó nascadh?

- Tar éis dóibh an liosta a chríochnú, iarr orthu comhaontú ar na 6 chúis is tábhachtaí atá acu agus iad a scríobh ar na cártaí a tugadh dóibh. Rangaigh na cúiseanna sin ansin tríd an gceann is tábhachtaí a chur ar an mbarr agus an chéad cheann eile faoina bhun sin, etc.

- Glac aiseolas ó gach grúpa ar leith agus pléigh an t-ábhar.

Mar ghníomhaíocht bhreise, d'fhéadfá úsáid a bhaint as an leathán oibre ar l. 81 chun tuilleadh ple a spreagadh.

Sampla de dhiamant críochnaithe

Is mian liom foghlaim a dhéanamh agus dearcadh níos leithne a bheith agam

Tá foghlaim níos suimiúla dá bharr

Tá súil agam go mbeidh deis agam dul go dtí tír eile

Comhroinnimid tionscadail chomhchoiteanna & smaointe comhchoiteanna

D'fhéadfaimis bailiú cistí a dhéanamh & cabhrú leo

Cabhraíonn sé liom forbairt a dhéanamh mar dhuine





Cad is féidir le do scoil a fhoghlaim ó do scoil chomhpháirtíochta?

Réamhrá

Tá “D’fhoghlaim mé cé chomh hádhúil atá mé, conas meas a bheith agam ar na nithe atá agam...” coitianta i measc daoine a ghabhann do nascadh le tír i mbéal forbartha. Is conclúid ghinearálaithe an ráiteas sin agus d’fhéadfadh sé a bheith diúltach. Má dhéantar forbairt air, is féidir leis feidhmiú mar bhonn chun an pobal lomlán scoile a spreagadh chun meas a bheith acu ar an gceantar ina bhfuil siad agus chun ceiliúradh a dhéanamh air agus é a neartú. ACH tá cuid mhór eile le rá i dtéarmaí taithí dearfach foghlama a fhaightear ó theagmháil ghníomhach le cultúr eile trí nascadh.

Ceann de na nithe a d’fhoghlaim mé ná gur pribhléid é a bheith ar scoil agus go bhfuil fonn mór ar dhaoine foghlaim a dhéanamh i scoileanna sa tSiombáib, rud nach bhfuil chomh mór céanna anseo.

Éiríonn cuid mhór daoine óga tugtha do chluichí ríomhaire. Táthar ag súil gur léir dóibh, de bharr na mbréagán Siombáibeach, an pléisiúr atá le fáil as rud éigin níos simplí.

Níl againn ach líon beag rudaí nach bhfuil acusan, ach tá rudaí acu nach bhfuil againne agus, le fírinne, níor smaoinigh mé air sin roimhe seo.

Cuid 1

1. Fuarthas na ráitis seo a leanas ó na freagraí a thug mic léinn agus an fhoireann i meánscoileanna agus i mbunscoileanna mar thoradh ar thionscadal nasctha le scoileanna sa tSiombáib.
2. Iarr ar na mic léinn na ráitis a léamh agus sin a dhéanamh i bpéirí.
3. Cé chomh mór a mhothaíonn siad go bhfuil foghlaim dhearfach déanta? An bhfuil neartú déanta ar aon steirítíopaí? Aon chaint neamhoiriúnach?

Níorbh fhada gur thuig na mic léinn nach ionann an Afraic agus an tuairim a bhí acu fúithi. Cheap siad nach raibh ann ach tír mhór amháin, seachas mór-roinn atá comhdhéanta de chultúir éagsúla, de reiligiúin éagsúla agus de theangacha éagsúla.

Tá a dtír chomh buíoch sin as na nithe atá acu agus nílimidne buíoch mar go bhfuil an oiread sin rudaí againn. Le fírinne, ní gá dúinn a bheith amhlaidh mar go bhfuil a fhios againn go bhfuil sé ann i gcónaí agus, dá bhrí sin, cuirtear ag smaoineamh mé gur cheart dom rudaí a chur amú agus machnamh a dhéanamh ar na nithe a dhéanaim.

Itheann siad mórán puimcíní agus ní féidir leo oiread na fríde a vástáil. Mar sin baineann siad úsáid as gach pioc de, fiú na síolta. Úsáidtear an farasbarr don chéad béile eile.

Creidiúint: A Good Practice Guide to Whole School Linking, l. 59.





Mar sin, cá bhfuil tú anois sa turas comhpháirtíochta?

Aidhm

- Deis a thabhairt do na mic léinn athbhreithniú a dhéanamh ar na deacrachtaí agus ar na tairbhí a bhaineann le comhpháirtíochtaí foghlama, don dá chomhpháirtí.
1. Cuir tús leis an rang trí chóip den léaráid thíos a thabhairt do gach mac léinn (nó is féidir í a aimsiú ar an CD ROM agus í a thaispeáint mar shleamhnán Powerpoint ar an gclár bán.) larr ar na mic léinn breithniú a dhéanamh ar a bpictiúr agus a dhéanamh amach cén áit ina mbeidís féin? Cé acu de na carachtair is fearr a léiríonn an áit a bhfuil siad faoi láthair i dtaca leis an turas comhpháirtíochta?

Tabhair am do na mic léinn chun míniú a thabhairt i dtaobh an áit ina bhfuil siad agus chun plé a dhéanamh faoin ábhar seo.

Foinse: www.oweiss.com/blog/category/tree



Mar sin, cá bhfuil tú anois sa turas comhpháirtíochta? (ar lean)

2. Ansin, déan seisiún tobsmaointe leis an rang faoi na fadhbanna a bhí acu maidir le comhpháirtíocht foghlama a chruthú. Déan liosta de na nithe sin agus leag an bhéim ar na fadhbanna is mó, mar shampla

- Cliseadh cumarsáide

- Éagthroime acmhainní

- Comhpháirtí amháin ag glacadh ról ceannais agus ag déanamh na gcinntí go léir

- Ionchais éagsúla

Ansin, pléigh bealaí chun na fadhbanna sin a sháru.

3. Úsáid an tábla seo a leanas chun plé a dhéanamh i dtaobh conas atá athrú tagtha ar dhearcadh na mac léinn faoi chomhpháirtíocht le cúpla mí anuas.

Sna táblaí seo a leanas, feictear na nithe a dúirt foghlaimeoirí Meicsiceacha le linn dóibh labhairt faoi Shasana. Cad iad na príomhdhifriochtaí idir an tuairim a bhí acu ag an tús agus an tuairim a bhí acu bliain amháin ina dhiaidh sin? Conas atá an chomhpháirtíocht scoile tar éis difear a dhéanamh dá ndearcadh nó athrú a dhéanamh ar a ndearcadh?

An mbeadh sé seo cosúil le taithí s'agatsa go dtí seo?

Ag tús na comhpháirtíochta...

Tá na daoine éirimiúil agus cultúrtha

Is tír an-mhaith í

Tá cuid mhór daoine ann atá éirimiúil, dá bhrí sin tá sí an-fhorbartha

Tá siad níos fearr ná mar atáimidne, ó thaobh cúrsaí meabhrach agus cúrsaí fisiciúla de

Tá spriocanna acu atá le baint amach

Tá cuid mhór aireagán déanta ann

Léann na daoine leabhair

Tar éis bliana de chomhpháirtíocht...

Níl a lán traidisiún acu mar atá againne

Tá príomh-aire ann seachas uachtarán

Ní fhanann siad lena dtuismitheoirí nuair a théann siad ar an gcoláiste, mar a dhéantar i Meicsiceo

Tá comhdhéanamh an rialtais éagsúil agus tharla éabhlóid na tíre ar shlí eile i gcomparáid le héabhlóid ár dtíre féin

Déantar plé ar bhealach níos saoire faoi shaincheisteanna

Níl luachanna teaghlaigh chomh tábhachtach céanna

Ní chónaíonn na daoine in éineacht lena seantuismitheoirí

Tá cuid mhór saoirse ag daoine óga

Tá rudaí maithe agus drochrudaí ann faoi Shasana, agus tá cuid mhór rudaí a dhéanaimidne agus a mhothaímidne atá mar an gcéanna le rudaí a dhéanann agus a mhothaíonn muintir Shasana

Fuarthas na freagraí ó Cumbria Development Education Centre





Comhaontú comhpháirtíochta

Aidhm

- Dréachtchomhaontú comhpháirtíochta a tharraingt suas a bheidh le roinnt le scoil chomhpháirtíochta agus a bheidh mar bhonn le tuiscint chomhaontaithe ar chomhpháirtíocht idir na mic léinn.
1. Cuir an obair atá déanta ag na mic léinn i gceachtanna roimhe seo maidir lena n-ionchais a ainmniú i gcuimhne dóibh.
 2. Míniú dóibh go gcuirfear tús anois leis an bpróiseas a bhaineann le comhaontú comhpháirtíochta a ullmhú i gcomhpháirt lena gcomhpháirtithe. Le linn an phróisis seo, beidh siad ag dul i gcomhairle lena scoil chomhpháirtíochta.
 3. Roinn an clár ina dhá leath. Ar dtús, iarr ar na mic léinn breithniú a dhéanamh i dtaobh cad iad ionchais na scoile comhpháirtíochta? Tarraing suas liosta ar an gclár agus pléigh gach ceann acu. Ansin, úsáid an taobh eile den chlár chun liosta dá n-ionchais féin a scríobh, mar aon leis na nithe a bhfuil siad ag súil leo.
 4. Agus ionchais an dá thaobh á gcur san áireamh, beidh na mic léinn ag obair i ngrúpaí chun Comhaontú Comhpháirtíochta a tharraingt suas. Míniú dóibh go bhfuil an comhaontú seo cosúil le sraith bunrialacha ina leagtar amach cad is féidir le gach taobh a bheith ag súil leis agus conas a iompróidh gach taobh é féin sa chomhpháirtíocht.
 5. Nuair atá deis faighte ag gach grúpa an méid sin a dhéanamh, roinn na smaointe agus comhaontaigh na pointí tábhachtacha is cearta a chur san áireamh.

6. Iarr ar dhuine éigin a thairiscint an méid sin a chlósábh go néata ionas gur féidir é a chur chuig na comhpháirtithe agus gur féidir a iarraidh orthu a dtuairimí agus a moltaí a chur ar ais, mar aon le haon ní ar mhaith leo a chur leis.

(Féach I. 75)

“Cén fáth gur mian leat nascadh a dhéanamh le pobal Indiach atá na mílte míle ar shiúl, nuair nach ndeir tú aon rud seachas ‘Pionta bainne, le do thoil’ leis an Indiach a oibríonn sa siopa ag bun an bhóthair?”

(Curtha in oiriúint ó UKOWLA Toolkit)





An fhoghlaim a roinnt

Aidhm

- Scrúdú a dhéanamh ar bhealaí inar féidir le mic léinn na nithe a fhoghlaimíonn siad trí chomhpháirtíocht a roinnt leis an bpobal i gcoitinne.

Ag an gcéim seo, d'fhéadfadh sé go bhfuil comhthoil láidir ag teacht chun cinn i measc na mac léinn i dtaobh conas is féidir leo na nithe atá foghlamtha acu a roinnt le pobal na scoile i gcoitinne agus le daoine lasmuigh den phobal sin. Mura bhfuil comhaontú ann i measc na mac léinn, is féidir na bearta seo a leanas a dhéanamh:

1. Déan seisiún tobsmaointe chun teacht ar bhealaí inar féidir feasacht a mhéadú faoi do phobal comhpháirtíochta/thír chomhpháirtíochta nó faoi shaincheist a dhéanann difear dóibh.
2. Comhaontaigh an trí mholadh is mó tacaíocht agus scríobh ar an gclár iad.
3. Iarr ar thriúr a thairiscint argóint a dhéanamh ar son gach ceann ar leith de na moltaí sin. Ní mór do gach duine a rá cén fáth go measann siad gur saincheist thábhachtach í seo do do chomhpháirtithe agus smaointe a mholadh le haghaidh gnímh a d'fhéadfaí a dhéanamh (b'fhéidir go mbeadh sé indéanta dul i mbun gnímh i gcomhpháirt le do chomhpháirtí). Abair leis na mic léinn a bheith chomh cruthaitheach agus is féidir nuair atá siad ag smaoineamh ar bhealaí inar féidir leo a dteachtaireacht a chur os comhair lucht éisteachta fairsing.
4. Tar éis tuilleadh plé a dhéanamh, caithfidh an rang gníomh amháin a roghnú. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí chomhthoil, trí vótáil nó trí na moltaí go léir a chur isteach i hata. Nuair a dhéantar an cinneadh, is ceart do na mic léinn a chomhaontú go bhfuil siad tiomanta i leith obair a dhéanamh ar an ngníomh sin le chéile.





Machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha agam

Aidhm

- Cabhrú leis na mic léinn machnamh a dhéanamh ar a dtaithí ar fhoghlaim le linn an Idiraonaid seo.



Obair Dhialainne

Tá deireadh an idiraonaid seo sroichte agat anois. Tá sé tábhachtach a iarraidh ar na mic léinn machnamh a dhéanamh ar na nithe atá foghlamtha acu agus ar na scileanna atá forbartha acu.

Seo a leanas roinnt ceisteanna a d'fhéadfaí a úsáid...

Ag deireadh an idiraonaid seo:

- Is é an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim mé ná...
- Tá athrú tagtha ar mo thuairimí faoi...
- Ba dhúshlán dom é athrú a dhéanamh nuair...
- Is iad seo a leanas na scileanna a d'fhoghlaim mé ...
- Seo a leanas roinnt rudaí a d'fhoghlaim mé fúm féin...
- Mínígh conas atá forbairt tagtha, le linn an aonaid seo, ar na hionchais a bhí agat maidir le comhpháirtíocht scoile nó ar do thuiscint ar chomhpháirtíocht scoile.
- Conas atá súil agat leanúint de do chomhpháirtíocht foghlama a fhorbairt?
- Cén cinneadh atá déanta agat maidir leis an méid atá foghlamtha agat a roinnt le daoine eile?

Déan seiceáil lena fháil amach an hfuil na mic léinn sásta a bhfreagraí a roinnt le comhpháirtí. Lig do na mic léinn roinnt plé a dhéanamh atá bunaithe ar a gcuid oibre dialaine.

Measúnú an Mhic Léinn ar an Idiraonad

Teideal an idiraonaid:

Críochnaigh na habairtí seo a leanas, le do thoil

1) Is é an rud is mó a thaitin liom faoin idiraonad seo ná...

2) Is é an rud is spéisiúla a d'fhoghlaim mé ná...

3) Beidh sé seo úsáideach mar...

4) Is é an rud is lú a thaitin liom faoin idiraonad seo ná...

5) Seo a leanas na nithe is deacra dar liom...

6) Dá mbeadh an t-idiraonad seo á mhúineadh do ghrúpa eile mac léinn cad iad na hathruithe, más ann, a mholfá chun é a dhéanamh níos fearr?



Cén chuma atá ar chomhpháirtíocht rathúil?

Tá 3 ghné thábhachtacha ag baint le comhpháirtíocht scoile rathúil.

Tá sí

OIDEACHASÚIL

INBHUANAITHE

BUNAITHE AR CHOITHROIME

Cuimhnigh! Táimid ag obair ar mhaith le comhpháirtíochtaí scoile a bhaint amach atá...



Tá an t-aistriúchán don íomhá seo le fáil ag www.irishaid.gov.ie/worldwise/resources

Ag déileáil le saincheisteanna íogaire le linn comhpháirtíochta

Leideanna maidir le déileáil le rudaí agus le híomhánna ó thíortha comhpháirtíochta

Roinnt ceisteanna atá le cur ort féin:

- Cad a ghnóthóidh na foghlaimoirí ó bheith ag obair leis an rud nó leis an íomhá seo?
- An bhfuil coibhéisí nua-aimseartha, chomh maith le coibhéisí traidisiúnta, á mbreithniú?
- An féidir comparáidí a dhéanamh le rudaí agus le híomhánna comhchosúla eile? An bhfuil comparáidí á ndéanamh idir rudaí den tsamhail chéanna e.g. rudaí coitianta agus rudaí ‘níos andúchasaí’ a bhaineann le searmanais nó le traidisiúin? Cad iad na cúiseanna le comparáidí a dhéanamh?
- An ceart réamhobair a dhéanamh sula ndéanann foghlaimoirí aon obair leis an rud nó leis an íomhá?
- An mbeadh duine scothaosta nó duine óg sásta leis na roghanna a úsáidtear chun léiriú a dhéanamh ar a dtír nó ar a bpobal?
- An mbeadh buachaillí agus cailíní chomh sásta lena chéile leis na roghanna?
- An bhféadfadh sé tarlú gurbh ábhar masla d’aon duine rudaí áirithe a láimhseáil nó íomhánna áirithe a úsáid e.g. rudaí reiligiúnacha áirithe nó íomhánna gríosaitheacha?
- An mbreathnófar ar rudaí agus ar íomhánna den tsamhail chéanna ó thraidisiúin chultúrtha éagsúla? Mar shampla, éadaí traidisiúnta de chuid na Ríochta Aontaithe agus na hIndia

- Conas a dhéileálfadh tú le barúlacha diúltacha
- Cad iad na tuairimí bréagacha a d’fhéadfaí a chur i do leith agus i leith do shlí maireachtála de bharr aon cheann de na rudaí nó de na híomhánna?
- An dtabharfar dúshlán steiréitíopaí láithreacha nó an neartófar na steiréitíopaí sin?

Le linn rudaí a cheannach:

- Ceannaigh rudaí a léiríonn réimse dearcadh: traidisiúnta, nua-aimseartha, sean, nua, athchúrsáilte
- Tá sé inmhianaithe go mbeidh faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn agat faoi gach rud; faoi na húsáidí a bhaineann leo, faoi na hábhair as a bhfuil siad déanta, faoi conas a dhéantar iad. Rannchuidíonn grianghraif de rudaí agus iad in úsáid le tuiscint na bhfoghlaimoirí
- Ní mór go léireoidh rudaí an éagsúlacht timpeallachtaí atá ann in aon tír áirithe: ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha, traidisiúin agus nua-aimsearthacht
- Más féidir, aimsigh agus ceannaigh rudaí laistigh den tír lena mbaineann chun fiordheimhneacht a chinntiú
- Déan breithniú i dtaobh cé a fhaigheann an ‘brabús’ má cheanaíonn tú rud in áit lasmuigh den tír lena mbaineann, agus déan breithniú freisin ar chleachtas chóir-thrádála.

Tiomsaíodh an leathán ó ábhair atá ar fáil ó GLADE, ó MUNDI agus ón Ionad Oideachais Dhomhanda



Teimpléad do Chomhaontú Comhpháirtíochta

1. Fís

- Cad í an fhís chomhchoiteann atá agaibh don tionscadal?

2. Cáilíocht

- An é is príomhfhócas don tionscadal ná torthaí oideachasúla do na rannpháirtithe go léir?
- Conas a rannchuideoidh an tionscadal le múinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin faoi fhorbairt agus faoi shaincheisteanna domhanda? e.g. cad iad na téamaí a chlúdófar agus cad iad na réimsí curaclaim/seachchuraclaim a bheidh i gceist?
- Cad iad na hacmhainní a úsáidfidh sibh araon chun tacú le múinteoireacht agus foghlaim faoi na téamaí sin?

3. Cuspóirí oideachasúla

- Cad iad na spriocanna oideachasúla atá comhaontaithe agaibh?
- Ar shainnithin sibh réimsí ina bhféadfaí comhoibriú a dhéanamh nó ina ndéanfar comhoibriú?
- Maidir leis na torthaí oideachasúla:
 - an dtacóidh siad le meas frithpháirteach i measc na bhfoghlaiméoirí
 - an mbeidh dúshlán ag baint leo agus an mbeidh siad inúsáidte mar eolas ar a mbunófar dearcadh ar shaincheisteanna a bhaineann le forbairt
 - an bhforbrófar smaoineamh criticiúil dá mbarr
 - an spreagfar leathan-aigeantacht leo
 - an bhforbrófar scileanna rannpháirtíochta leo?

4. Luachanna agus prionsabail

- Cad iad luachanna agus prionsabail na scoileanna?
- Conas a chomhlánaíonn na nithe sin a chéile?
- An bhfuil aon ionchais neamh-inaistrithe ann maidir le luachanna agus prionsabail?

5. Iontaoibh agus meas frithpháirteach

- Conas is féidir iontaoibh agus meas frithpháirteach a bhunú?
- Conas a dhéileálfar le cliseadh iontaoibhe agus/nó measa?

6. Inbhuanaitheacht

- Cé chomh buntábhachtach atá an tionscadal nasctha do na scoileanna atá i gceist?
- Cad iad na hacmhainní (daoine, am, scileanna, airgeadas agus tacaíocht sheachtrach) atá ag teastáil chun an tionscadal a chothú?
- Conas a d'fhéadfá a chinntiú go bhfuil an tionscadal níos inbhuanaithe? (e.g. ról a thabhairt do thuismitheoirí, do phobail, do líon níos mó mac léinn agus múinteoirí, etc.)

7. Uilechuimsitheacht agus comhionannas

- Cé chomh huilechuimsitheach agus atá an tionscadal?
- Conas is féidir daoine aonair agus grúpaí imeallaithe (i scoileanna agus i bpobail áitiúla) a bheith páirteach ann?
- Cad is féidir a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil an tionscadal bunaithe ar chomhionannas?

Teimpléad do Chomhaontú Comhpháirtíochta (ar lean)

8. Oibleagáidí agus freagrachtaí

- Cad iad na róil agus na freagrachtaí atá ag gach scoil ar leith?
- Cad iad na cearta agus na hoibleagáidí atá ag gach scoil ar leith?

9. Tuairisciú, athbhreithniú agus machnamh

- Cad iad na creataí a úsáidfeadh chun tuairisciú, athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh?
- Cad a dhéanfar chun a chinntiú gur próiseas dhá threo agus gur próiseas leanúnach a bheidh ann?

10. Faireachán agus measúnú

- Conas a dhéanfar dul chun cinn a thomhas, lena n-áirítear forbairt an tionscadail é féin?
- Cad iad na táscairí a léireoidh rath?
- Cé a chinnfidh na táscairí sin?
- Cad a dhéanfar chun a chinntiú gur próiseas oscailte comhoibritheach a bheidh ann?

13. Teorainneacha ama

- An bhfuil teorainneacha ama táscacha iarbhír ann maidir le tascanna agus torthaí sonracha?
- Cé chomh riachtanach atá siad?

14. Saincheisteanna airgeadais

- Má tá airgead i gceist, cad iad na téarmaí, na coinníollacha, na caighdeáin chuntasaíochta, freagracht, etc?
- Conas a thairfeadhfaidh tú caiteachas ar an tionscadal agus conas a thabharfar tuairisc air sin?

15. Bailiú cistí

- Má bhailítear cistí, an bhfuil nósanna imeachta ann chun a chinntiú go bhfuil rannpháirtíocht chothrom ann do na comhpháirtithe go léir i dtaca le pleanáil agus dul i mbun gníomhaíochtaí bailithe cistí agus le linn comhaontú a dhéanamh ar úsáid na gcistí a bhailítear?
- An ndéileáiltear go cothrom le rannchuidiú airgeadais agus le rannchuidiú de chineál eile?

16. Réiteach coimhlinte

- Cad iad na sásraí a úsáidfeadh chun coimhlintí a réiteach?
- Cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag tríú páirtithe (más gá sin ar chor ar bith)?


(Bunaithe ar WWF-UK Organisation Development Unit toolkit)



POSSIBLE CAUSES OF POVERTY

The bricks in this wall stand for things that cause poverty. Write in other causes if you can think of ones that are not here.

Discuss these with members of your class and your teacher. Do you agree with the causes that are listed here? Circle the 3 bricks that you think cause the most poverty.

FAMILY BACKGROUND (JOBS AND EDUCATION)		BEING ABLE TO READ AND WRITE		GOVERNMENT HELPING BETTER-OFF PEOPLE	
POWER AND WEALTH	BEING JUDGED ON WHERE YOU LIVE	FEELING THAT YOU HAVE NO POWER		HAVING NO JOB	
HAVING A BADLY PAID JOB		PEOPLE NOT BEING TREATED THE SAME (INEQUALITY)		NOT MANY JOBS IN THE COUNTRYSIDE	
BEING SICK		DISCRIMINATION		WELL -OFF PEOPLE DON'T CARE	
		OWING A LOT OF MONEY		PEOPLE GET TOO MANY HANDOUTS	
		WELL -OFF PEOPLE DON'T CARE		HAVING A DISABILITY	
		PREJUDICE		VALUING YOURSELF AND YOUR ABILITIES	
NOT HAVING ENOUGH MONEY		POOR FARMING LAND			

SECTION 1 POVERTY - THE WHO, WHAT, WHY & HOW?



Níl an tAire Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Cúnamh Éireannach ná Léargas freagrach as an ábhar atá ar láithreáin Idirlín dá dtagraítear san fhoilseachán seo, seachas an t-ábhar atá ar a láithreáin ghréasáin féin. Déantar láithreáin ghréasáin tríú páirtithe a lua san fhoilseachán seo ar mhaithe le léiriú agus ní hionann iad agus liosta iomlán ná ní thugtar tacaíocht shonrach dóibh ós rud é go bhfuil siad luaite.





WORLDWISE 

 **Cúnamh Éireann**
An Roinn Gnóthaí Eachtacha / Department of Foreign Affairs

 **léargas**

Arna chló ar pháipéar athchúrsáilte. 